Oibríonn an Fhoireann Oibríochta Fuíolluisce i gcomhar le hoifig Chaipitil Seirbhísí Uisce na Comhairle chun réitigh deartha a fhorbairt do thionscadail a tharlaíonn i gcomhréir leis an gClár Infheistíochta Caipitil.

Bainistíocht Chósta agus an Rannóg um Thionscnaimh Thuilte

Déanann an Rannóg **Bhainistíochta Cósta & Tionscnaimh Tuilte (CMFP)** bainistíocht ar Thionscnaimh chaipitil Chósta & Thuilte. Is é an Limistéar Bardasach/Innealtóireachta cuí a dhéanann cothabháil oibríochtúil ó lá go lá ar chuanta, chéanna & infreastruchtúr cósta eile.



INFREASTRUCHTÚR TUILTE

Mórscéimeanna Tuilte (Maoinithe ag an OPW – 100%):

Rinneadh dul chun cinn sna Mórscéimeanna seo a leanas in 2017: **An Sciobairín**, (Tógáil); **Dúglas**, (Cead Pleanála Tugtha ar an 01/11/17, Céim 3, Dearadh); **An Ghlaise Bhuí**, (Céim Dheimhniú 3, Dearadh); **An Baile Gallda**, (Tuarascáil Féidearthachta & Roghanna ama chríochnú, athbhreithniú costais/tairbhe san áireamh); **Mainistir na Corann** (Céim 1, Féidearthachta & Roghanna). Is í Comhairle Contae Chorcaí an cliant do na scéimeanna seo, le luach measta iomlán de thuairim is **€56m**, atá 100% maoinithe ag an OPW.

Rinne Oibríochtaí na Comhairle bainistíocht ar chuir suas chosaint ar thuilte do na mórscéimeanna críochnaithe **I Mala & Mainistir Fhear Maí (Thuaidh)**, (Is Scéimeanna Cliant OPW Mala & Mainistir Fhear Maí).

Mórscéimeanna Tuilte eile (Cliant OPW):

Scéimeanna Faoiseamh ó Thuilte ag **Droichead na Bandan** (Tógáil), **Cloich na Coillte** (Measúnú Tairisceana) & **an Laoi Íochtarach** (Foilsíú Thuarascáil Thaispeántais Phoiblí).

Mionscéimeanna Tuilte (Scéim Mionoibreacha an OPW – suas go dtí 90% maoinithe ag an OPW):

Tá iarratas á chur i gcrích faoi láthair do scéim ag an *mBaile Gallda*.

Tugadh maoiniú do scéimeanna ag *Baile an Tobair & An Curraichín*.

Oibreacha leanúnacha do lintéar Áth an Mhaide – Bhaile Éidigh críochnaithe, sceideal oibreacha curtha in ord tosaíochta do Shráidbhaile Áth an Mhaide táirgthe.

Freagrachtaí Eile:

• **Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAMS)** – D'Oibrigh CMFP agus an OPW le chéile ar chlár CFRAMS, (CFRAMS an Iardheiscirt, an Oirdheiscirt & na Sionainne) laistigh de limistéar feidhme na Comhairle.

• Obair le Roinn na Bóithre Comhairlí maidir le Ceantair Draenála; Bainistíocht ar Chóras Réamhrabhadh Thuilte Dhroichead na Bandan; páirt glactha i dteileachomhdhálacha na Foirne Foláirimh Dhrochaimsire (SWAT); páirt glactha i bprótacal Dhamba Inis Cara maidir le huisce a scaoileadh ón damba roimh eachtraí drochaimsire.

Aonad Bainistíochta Cósta

In 2017, mhaoinigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) naoi dtionscadal feabhsúcháin d'uasghrádú shleamhnán agus céanna faoin gClár um Fhorbairt Infreastruchtúr Cósta agus Cuanta lascaireachta 2017. Ba scéimeanna Forbartha Cuain seacht gcinn acu seo agus is éard a bhí i gceist leo ná uasghrádú a dhéanamh ar chuanta agus ar shleamhnáin ag Áth Fhada Íochtarach, Cill Chrócháin, cé Lusitania, an tOileán Donn agus Achadh Beag, Dún Baoi agus Baile Uí Dhonnagáin i mBaile Chaisleáin Bhéarra. Maoiníodh dhá thionscadal faoin gClár Siamsaíocht Mhara ag cé Bhaile an Mhanaigh, áit ar atógadh agus leathnaíodh an sleamhnán, agus ag an Eochail áit a cuireadh isteach pontún ar snámh & stangairt nua. Ba é ollchostas na dtionscadal seo ar fad ná €509,830 agus d'íoc an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara iomlán glan de €368,678 amach, le Comhairle Contae Chorcaí ag íoc amach an iarmhéid óna hacmhainní féin.

Fuair ocht scéim oileáin 75% dá maoiniú ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (DCHG). Bhain na scéimeanna seo leis an Oileán Mór áit ar tharla oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre, Oileán Baoi inar cuireadh i gcrích oibreacha feabhsúcháin ar an gcé, Inis Fada agus Inis Arcáin inar tógadh cosán síos go dtí an trá mhóréillimh, Silver Strand. Ba é €318,864 an t-ollchaitheas a rinneadh ar na scéimeanna seo agus thug an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta deontais €230,616 san iomlán dóibh.

Tá an Roinn CMFP freagrach as cothabháil theicniúil charr cábla Oileáin Bhaoi. Cuireadh isteach rud beag ar oibríocht an charr cábla go luath in 2017 de bharr bás tobann agus míthráthúil an oibreora Paddy Sheehan i mí an Mhárta. Faoi láthair, tá Comhairle Contae Chorcaí ag tosú ar an bpróiseas comhairleoirí a fháil chun carr cábla nua dheardh.

Tithíocht

Bailiú Cíosa Tithíochta

Ba é €17.5 milliún an t-ioncam ó chíos tithíochta in 2017 le €1.5 milliún breise ó mhaoin na Scéime Cóiríochta Cíosa (SCC).

Ba é an meánráta bailithe cíosa don chontae ná 95%.

Leithdháilte Tithíochta

Rinneadh 398 n-aonad a leithdháileadh ar iarratasóirí rathúla in 2017. Áiríodh leo seo leithdháilte d'aonaid

a sholáthraigh na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, maoin NARPS agus stoc Tithíochta Sóisialta na Comhairle féin.

Tithe Neamhshealbhaithe

Rinneadh athchóiriú ar 149 maoin neamhshealbhaithe san iomlán in 2017 agus díobh seo, cuireadh deis ar 127 maoin de chuid na Comhairle trí shruthanna cistiúcháin a chuir DHPCLG ar fáil le go gcuirfí maoin neamhshealbhaithe chun úsáide táirgiúil.

Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas

Fuair an Chomhairle leithdháileadh de €901,517 chun maoin de chuid na Comhairle a athchóiriú, suim a chur san áireamh 10% den iomlán ón Údarás Áitiúil. In 2017, cuireadh i gcrích oibreacha ar 105 theach údarás áitiúil san iomlán chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas.

Scéim Éifeachtúlachta Fuinnimh

Faoi scéim éifeachtúlachta fuinnimh an DHPCLG, chuir an Roinn Tithíochta i gcrích oibreacha feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh ar 968 dteach údarás áitiúil ar chostas €2.38 milliún.

Léasú

Cothaíonn léasú mar bhealach chun tithíocht shóisialta a sholáthar roghanna maidir le líon na tithíochta sóisialta a chuirtear ar fáil a mhéadú. Faoi láthair, tá 739 n-aonad tithíochta inacmhainne nár díoladh ligthe amach ar léas chuig na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Ar a bharr sin, cuireadh 148 n-aonad nua ar fáil trí scéimeanna léasaithe eile in 2017, mar sin, cuireadh ar fáil 381 aonad san iomlán go dtí seo.

Scéim Cúnaimh Caipitil

Cuireadh ar fáil 8 n-aonad nua in 2017 agus tá 43 aonad á thógáil faoi láthair.

An Clár um Chúnamh do Dhaoine gan Dídean (HAP)

Lean cur i bhfeidhm na Scéime ar aghaidh ar fud na tíre i rith 2017 le 1198 dtionónta ag aistriú go HAP. Ba é 2648 an líon iomlán Tionóntachta HAP gníomhach ar an 31.12.17. Rinneadh 213 iniúchadh ar mhaoin sa chontae i rith 2017.

Easpa dídine

Tá Comhairle Contae Chorcaí ag obair i ndlúthchomhar le Comhairle Chathair Chorcaí agus le Comhairle Contae Chiarraí i gcónaí chun dul i ngleic leis an easpa dídine ar bhonn réigiúnach tríd an nGrúpa Bainistíochta Straitéiseach um Easpa Dídine agus tríd an bhFóram Réigiúnach um Easpa Dídine.



Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí

Tógadh isteach an Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí (Incriminteach) ar an 1 Eanáir 2016. Fuair thart ar 5,680 tionónta, atá ag áitiú maoin a d'fhéadfaí a chur ar díol, pacáiste eolais. Fuair an tAonad Roghanna Ceannaigh, atá ag leanúint ar aghaidh ag próiseáil iarratas agus ag cur i bhfeidhm na Scéime, thart ar 630 Léiriú Spéise.

Deontais

Leithdháileadh €4,991,076 ar Chomhairle Contae Chorcaí in 2017, le 20% á mhaoiniú aici óna hacmhainní féin. I rith 2017, fuair an Chomhairle 890 iarratas agus d'íoc sí amach €4,368,297 san iomlán i ndeontais.

Bainistíocht Eastáit

Lean an tAonad Bainistíochta Eastáit ar aghaidh ag obair leis na Cumainn Áitritheoirí i rith 2017 chun eastáit a fheabhsú. Leithdháiltear maoiniú ar Chumainn Áitritheoirí ghníomhaíochta chun cúnaimh a thabhairt dóibh do na costais a thabhaítear.

Taistealaithe

Bhí na leithdháilte d'Iarratasóirí Taistealaithe in 2017 ag teacht leis na spriocanna a leagadh síos i bPlean Cóiríochta do Thaistealaithe Chomhairle Contae Chorcaí 2014-2018.

Sealbhuíthe Tithíochta

Cheannaigh Comhairle Contae Chorcaí 87 n-aonad le haghaidh Tithíochta Sóisialta in 2017, faoi théarmaí na Straitéise um Thithíocht Shóisialta.

Ionadaíochtaí Comhaltaí Tofa

Fuarthas, próiseáladh agus freagraíodh 2,565 ionadaíocht i rith 2017. Tugadh isteach Tairseach Ionadaíochta tiomnaithe nua ar líne i mBealtaine 2017 chun eisiúint Freagraí a luathú níos mó.

Clár Tógála

Lean Comhairle Contae Chorcaí ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn lena Clár Tógála i rith 2017. Tá os cionn 500 aonad ag céimeanna éagsúla den phróiseas pleanála agus forbartha. Tá roinnt scéimeanna á thógáil ag an gComhairle i gCorcaigh faoi láthair ag úsáid an múnla tithíochta nuálaíoch dá ngairtear Turnkey, a úsáideann tailte forbartha príobháideacha chun tithíocht shóisialta nua a chur ar fáil. Chuir an próiseas seo 98 dtithe sóisialta nua san iomlán ar fáil in 2017.

Scéim Rogha Tithíochta

Rinneadh córas Rogha Tithíochta Chomhairle Contae Chorcaí a chur i bhfeidhm go hiomlán go ginearálta

i rith 2017. Cuireadh ar fáil 209 maoin tríd an gcóras Rogha Tithíochta, agus glacadh le 208 díobh le ráta diúltaithe de 6% amháin.

Coiste um Beartais Straitéiseacha

Chruinnigh an CBS Tithíochta le chéile 5 huairé in 2017. I measc na gceisteanna a pléadh bhí an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, an Scéim um Dheisiú agus Ligean, an Plean Gníomhaíochta um Tithe Folmha, an Straitéis do Dhaoine gan Dídean agus an Scéim Rogha Tithíochta. Tugadh faisnéis don Choiste faoin Athbhreithniú Cíosa agus faoi thabhairt isteach Scéim Chíosa ar Fud na Tíre agus pléadh freisin an Polasaí Leithdháilte uasghrádaithe a moladh don Chomhairle iomlán le faomhadh.

Comhshaol

In 2017, chuir an stiúrthóireacht chomhshaoil ar fáil clár oibre fairsing thar réimse ábhar éagsúla;

Aer

Rinneadh rialú agus monatóireacht ar réimse ghníomhaíochtaí incheadúnaithe faoi na hAchtanna um Thruailliú Aer;

- 13 Thionscal
- 31 Thirimghlantóirí
- 43 Phéintéir Spreaála
- 46 Stáisiún Peitrl
- 1000+ Ionad Díolta Breosla Sholadaigh

Ar a bharr sin, phléigh muid le 147 ngearán bainteach le haer agus torann.

In 2017, bhí tuilleadh plé ann leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) maidir le cur isteach monatóir fíor-ama do cháilíocht an aeir i gCóbh. Roghnaíodh suíomh poitéinsiuil agus tá sé pleanáilte go mbeidh an monatóir ag obair faoi lár 2018. Táthar ag súil leis go ngníomhóidh an chomhpháirtíocht seo leis an GCC mar spreagadh chun trealamh don chineál céanna a chur isteach ag suíomhanna eile ar fud an chontae.

Athrú Aeráide

Bronnadh an ról ar Chomhairle Contae Chorcaí mar phríomhúdarás do bhunú agus do bhainistíocht na hoifige um Athrú Aeráide ar Bhord an Atlantaigh sa Réigiún Theas, réigiún a chuimsíonn limistéir riaracháin Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Chiarraí agus Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh. Beidh freagracht ag an Oifig Réigiúnach as cur le chéile Plean Oiriúnaithe Réigiúnaí don Athrú Aeráide agus as comhairle a thabhairt d'údarais áitiúla ar chur i bhfeidhm



a bPleananna Áitiúla féin. Déanfaidh an Coiste Stiúrtha Náisiúnta, a chuimsíonn ionadaithe ó réimse leathan údarás rialála maoirseacht ar obair na hoifige Réigiúnaí.

Feasacht Chomhshaoil

Lean an Chomhairle ar aghaidh le tionscnamh Scoileanna Glasa an Taiscef agus thug sí tacaíocht arís do Mhuintir na Tíre le heagrú Comórtas Garraithe Scoileanna Chorcaí.

Eagraíodh réimse ócáidí dírithe ar an bpobal freisin lena n-áirítear;

- Bun an Tábhairne – tionscnamh caidreamh le saoránaí faoi dhabhcha séarachais
- Seó Samhraidh Chorcaí – taispeántas Cháilíochta Uisce a chuimsigh:
 - Úsáid shábháilte de Lotnaidicídí, Bainistíocht Dabhacha Séarachais, & Cúram Soláthair Uisce Phríobháideacha.
- An Comórtas Dúshláin Bhruscair Bliantúil

Chuaigh an **Dochtúir Mary Stack**, Ard-Eolaí Feidhmiúcháin agus Oifigeach Taighde & Feasachta Comhshaoil na Comhairle ar scor in 2017 tar éis ghairm fhada oirirc. D'oibrigh Mary leis an gcomhairle agus a ról rialála comhshaoil ag fás go mór thar na blianta agus bhí ról lárnach aici i bhforbairt áiseanna comhshaoil ag Inis Cara agus i gcur i bhfeidhm na struchtúr agus na bpróiseas a chabhraigh leis an gcomhairle a hoibleagáid rialála a chomhlíonadh. Le blianta beaga anuas, d'oibrigh Mara mar Oifigeach Feasachta Comhshaoil don chomhairle agus sa ról sin thacaigh sí le go leor tionscadal ar fud an chontae, ag cruthú líonra cumarsáide fairsing le gníomhaireachtaí comhshaoil agus ENRanna ar bhonn áitiúil agus náisiúnta. Aireimid uainn go mór í mar chomhghleacaí agus mar chara.



Grianghraf den Dochtúir Mary Stack ag ceiliúradh dhul ar scor ag Campas Inis Cara.



Tionscadal Feabhsúcháin Inis Sionnach

In 2017, síníodh conradh le PJ Hegarty & Sons/EMCC JV do *Thionscadal Feabhsúcháin Phointe Thoir Inis Sionnach*.



Síníú an Chonartha leis an Méara Declan Hurley



Grianghraf ón Aer den suíomh ar Inis Sionnach. An tAire Talmhaíochta Michael Creed

Sábháilteacht Tréidliachta & Bia

- Cuir ar fáil clár iniúchaidh ar fud 79 áitreabh bia cláraithe.
- Monatóireacht leanúnach faoi chonradh ar son Údaráis Shábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI)
- Locadh 87 gcapall fáin
- Riarachán d'os cionn 32,000 ceadúnas madra.

Dramháil Ghuaiseach Teaghlaigh

In 2017, lean an Chomhairle ar aghaidh ag feidhmiú 11 Ionad Fóntas Poiblí agus os cionn 150 Ionad Fág Anseo ar fud an chontae.

Sonraí mar seo a leanas;

Líon na gcuairteoirí ar Ionaid Fhóntais Phoiblí: **275,570**

Tonáiste an ábhair a bailíodh ag suíomhanna na nIonad Fónais Poiblí;

Ábhar in-athchúrsáilte: **14503.77 tona**

Dramhaíl Ghuaiseach Teaglaigh: **10352.12 tona**

Ábhar in-athchúrsáilte bailithe ag Ionaid Fág Anseo: **6213.9 tona**

Ba í 2017 an 21ú bliain a eagraíodh an Dúshlán Bruscair Bliantúil – Bhuaigh an Bhlárna Dún Mánmhaí agus Carraig Thuathail sa chatagóir ‘Baile’. Bá é buaiteoir an Chomórtais Shráidbhaile Contae ná Baile an Ghoirtín.




Baile an Ghoirtín-Buaiteoir an Chomórtais sa Chatagóir ‘Sráidbhaile’ 2017

Uisce

2017 i bhfigiúirí;

- Glacadh 1,049 sampla as 177 soláthar uisce óil poiblí- rinneadh anailís ar 19,439 paraiméadair.
- 1,209 Iniúchadh ar Fheirmeacha
- Glacadh 240 sampla ó 159 scéimeanna grúpa príobháideacha agus ó sholáthair bheaga uisce eile
- Glacadh 205 sampla thrá ó 28 trá
- 112 iniúchadh ar dhabhacha séarachais thithe chónaithe
- Glacadh 2409 sampla ó 149 córas cóireála fuíolluisce poiblí
- Rinneadh 335 iniúchadh ar ionaid chóireála fuíolluisce thionsclaíoch/thráchtála.



An Fhoireann Saotharlanna Fuíolluisce – Ceiliúránn Hajar Lamine, Tumi IsaDaniel agus Sarah Cleary gur éirí leo sa mheasúnú maoirseachta don Chóras Bainistíochta Cáilíochta bliantúil.

Fuarthas dea-scéal maidir le tránna in 2017 nuair a athghnóthaigh Baile Ghearóid agus Ceann an Bhóthair a stádas brait ghorm; ciallaíonn sé seo go bhfuil 7 dtrá brait ghorm sa chontae anois.

Ba é liosta iomlán na dTránna Brait Ghoirm do 2017 ná Bá na hEornan, Tráigh Omna, Oileán Inse Duine, Abha na hInse, Garraí Lúcaís, Baile Ghearóid agus Ceann an Bhóthair.



Trá Bhaile Ghearóid-Bealtaine 2017

Bronnadh an Gradam Cósta Glas ar 12 thrá; Ard na hInse/An Seangharraí, Baile Riosóid, An Dúinín/Rinn Mhuintir Bháire, Trá Thoir Oileán Inse Duine, Baile Mhontáin, Galleycove, Garinish, Oysterhaven agus Inch beach, Redstrand, Rocky Bay, Ring.

Coiste um Beartais Straitéiseacha

Chruinnigh Coiste um Beartais Straitéiseacha na Seirbhísí Comhshaoil & Éigeandála le chéile 3 huairé i rith 2017. I measc na beartais a ghlacadh bhí Clár Iniúchaidh Chomhshaoil Bliantúil 2017. Ábhair eile maidir le beartais a pléadh ná:

Bainistíocht Bhruscair-Beartas faoi Chomharthaíocht Beartas faoi dhiúscairt dhramháola a bhaineann le tógáil
Beartas um Speicis Choimhthíocha Ionracha
Beartas faoi lonnú bhoscaí bruscair



Comhairliúchán Poiblí ar Dhréachtphlean
Bainistíochta Abhantraí 2018 – 2021;
Cur chun cinn athchúrsála ag Saoráidí
Conláiste Cathartha
Beartas Athraithe Aeráide

Leanfaidh an Coiste ar aghaidh ag déanamh scrúdaithe ar roinnt de na hábhair seo in 2018.

Pleanáil

Bainistíocht Forbartha

Fuair Comhairle Contae Chorcaí 3205 iarratas pleanála bailí in 2017. Rinneadh 2781 cinneadh san iomlán, 2509 cinneadh inar tugadh cead pleanála agus 272 cinneadh inar diúltaíodh do chead pleanála. Ar a bharr sin, fuarthas 152 iarratas chun tréimhsí cead pleanála a bhí ann cheana a fhadú. Rinneadh 1,382 iarratas san iomlán a chur ar athlá de bharr easpa eolais.

Cruinnithe Réamhphleanála

Reáchtáladh 679 gcruinniú réamhphleanála in 2017. Féadfaidh coinne a eagrú trí ghlaoch ar 021-4285957.

Forfheidhmiú

214, líon iomlán na gcásanna a tugadh chun deiridh
520, líon na nósanna imeachta a glacadh trí litreacha rabhaidh a sheoladh

25, líon na nósanna imeachta a glacadh trí fhógraí forfheidhmiúcháin a eisiúint

5, líon na n-ionchúiseamh

344, líon na gcásanna a fiosaíodh

Infreastruchtúr Tithíochta

Fuair an Fhoireann Feidhmiúcháin Tithíochta agus Infreastruchtúir (HIIT), atá freagrach as gníomhachtú na 9 Limistéar Fairsingithe Uirbhig laistigh de théarmaí tagartha na Comhairle Contae, maoiniú i Márta 2017 faoi Chiste Gníomhachtaithe Tithíochta agus Infreastruchtúir an Rialtais (LIHAF) chun forbairt tithíochta a thosú ar 4 shuíomh, eadhon, Carraig Uí Leighin, Gleann Maghair, Carraig an Uisce agus Baile an Chollaigh. Rinneadh Comhairleoirí Deartha a ainmniú do Ghleann Maghair agus Carraig an Uisce agus forbairt Charraig Uí Leighin ag dul chun cinn go himheánach i gcomhar leis an Oifig um Dhearadh Bhóithre Náisiúnta. Rinneadh forbairt Bhaile an Chollaigh a chur ar athló de bharr fadhbanna seilbh talún.

Oidhreacht

Ba bhliain an-rathúil in 2017 d'oidhreacht an Chontae; bhuail Comhairle Contae Chorcaí gradam 2017 don tSeirbhís Oidhreachta Údarás Áitiúil is fearr. Gradam iontach eile a fuarthas ná ardlua as barr feabhais i nDámhachtainí Chamber Ireland um Fheabhas

i Rialtas Áitiúil 2017 as ucht rannpháirtíocht na Comhairle i gComórthaí. Bhí rath arís ar an bhfoilsíúchán faoi chaisleáin Oidhreachta Chontae Chorcaí, an 5ú foilsíúchán sa tsraith.

In 2017, chur Aonad Oidhreachta Chomhairle Contae Chorcaí os cionn 350 ócáid bainteach leis an oidhreacht chun cinn, lena n-áirítear an tSeachtain Oidhreachta is rathúla go dtí seo le comórthaí 150 maidir le hÉirí Amach na bhFíiníní agus Mairtíogh Mhanchain a raibh freastal maith orthu, agus ócáidí a bhain le comóradh céad bliain theacht Seirbhís Chabhlaigh na SA chuig cósta Chorcaí. Cuireadh i bhfeidhm Clár Éire Ildánach laistigh den Chontae freisin.

Ceann de phríomhchuspóirí an Phlean Oidhreachta ná tuiscint níos fearr d'Oidhreacht an Chontae a mhúscailt agus mar sin fuair os cionn 1,500 duine a shínigh suas r-phost rialta faoi nuacht, forbairtí agus ócáidí oidhreachta. Cuireadh chun cinn an oidhreacht sa Chontae freisin trí pháirt a ghlacadh sa Taispeántas Celebrating Cork Past ar an 29 Meán Fómhair, 2017 agus i Seó Samhraidh Chorcaí ar Satharn agus Domhnach, an 17 agus 18 Meitheamh, 2017.

I measc na dtionscnamh eile a tugadh tacaíocht dóibh bhí comhordú Sheachtain Náisiúnta na gCrann agus Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta laistigh den Chontae chomh maith le comhordú Chomórtas Garraí Mhuintir na Tíre a chuireann chun cinn bithéagsúlacht agus oidhreacht nádúrtha i measc daltaí scoile, comórtas a raibh níos mó rath áir ná riamh. Ag trácht ar oidhreacht bhailte stairiúla, foilsíodh roinnt léarscáileanna mar pháirt de thionscadal a bhí faoi cheannaireacht Sheandálaí an Chontae agus thug an tAonad Oidhreachta tacaíocht do shaothar faoi oidhreacht Chuan Chorcaí atá le foilsíú go luath agus d'eagraigh sé Cúrsa Dea-Chleachtais Mhúsaem do rannpháirtithe ón gContae.

Trácht agus Iompar

Thug an Roinn Tráchta agus Iompair faoi na taisc seo a leanas in 2017:

- Bainistíocht Tionscadail de scéimeanna atá á maoiniú ag an tÚdarás Náisiúnta Iompair lena n-áirítear Réamhdearadh, Cuid 8 agus Dearadh Mionsonraithe Scéim Feabhsúcháin Choisithe Chnoc Dhomhnach Broc.
- Bainistíocht Tionscadail de Scéim Feabhsúcháin Iompair agus Ríocht Phoiblí Dhroichead na Bandan lena n-áirítear dearadh Scéim Ríocht Phoiblí Ché Phádraig
- Bainistíocht Tionscadail do Scéimeanna lena n-áirítear:
 - Tuarascáil maidir le Foráil Staid Bhus/Cúrsaíocht tráchta



- Bhaile/Roghanna Carrpháirceála Chionn tSáile agus
 - Measúnú ar Thimpeallán Gharrán na bhFuinseog agus ar Chrois Bhaile an Réithigh agus Réamhdhearadh Charraig Uí Leighin
- Tuairisciú ar iarratais phleanála mhórsála agus caidreamh iarpheanála ina dhiaidh sin lena n-áirítear Pleanáil Bhainistíocht Luaineachta agus fadhbanna comhlíonta
- Riarachán na Tairisceana do Sholáthar Seirbhísí do Dhearadh Idirghabhálacha ag Dún Cítil & Baile an Ghleanna a bhaineann le maoiniú LIHAF.
- Riarachán na Tairisceana do Sholáthar Chomhairleoir Iompair don Staidéar Iompair ar an Oileán Beag.
- Riarachán agus comhordú den Staidéar Iompair ar an Oileán Beag.
- Ullmhúchán agus comhordú an Iarratais de Chuid 8 Phleanáil do Chur Isteach na Soilse Tráchna ag Droichead Inis Cara.
- Fiosrúchán ar Fheabhsúcháin Acmhainne Ghearthéarmacha ag an Oileán Beag.
- Ullmhúchán agus comhordú an Iarratais de Chuid 8 Phleanáil d'Áiseanna Rothaíochta mar pháirt d'Uasghrádú Acomhal Dhún Cítil.

Aonad um Beartas Pleanála

Plean Forbartha an Chontae 2014

Tháinig Plean Forbartha an Chontae i bhfeidhm ar an 15 Eanáir, 2015 agus leagan sé amach an straitéis ghinearálta do phleanáil agus forbairt inbhuanaitheach cuí an chontae ar feadh thréimhse 6 bliana. Go déanach in 2017, rinneadh réamhobair taighde chun eolas a chur ar fáil le haghaidh Athbhreithniú Reachtuil an Phlean a bhfuiltear ag súil leis go dtosóidh sé go déanach in 2018.

Pleananna Ceantair Áitiúil

Leag na Pleananna Ceantair Áitiúil amach an straitéis phleanála d'úsáid talún i gcomhair forbairt bhailte agus shráidbhailte an chontae agus béim a chur ar chur i bhfeidhm na straitéise ag an leibhéal áitiúil mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha an Chontae 2014. Ní mór do na Pleananna Ceantair Áitiúil a bheith ag teacht leis an straitéis atá leagtha amach i bPlean Forbartha an Chontae.

De bharr atheagrú an rialtais áitiúil in 2014 agus cealú na gComhairlí Baile, tá struchtúr toghcháin an Chontae bunaithe ar ocht gCeantar Bardasach.

I rith 2017, leanadh ar aghaidh leis an Athbhreithniú ar Phleananna Ceantair Áitiúil agus i Lúnasa, 2017, tar éis chomhairliúcháin phoiblí fhairsing a dhéanamh, tháinig 8 bPlean Ceantair Áitiúil nua i bhfeidhm (ceann amháin do gach Ceantar Bardasach). Beidh na Pleananna Forbartha Baile a ghlac na Comhairlí

baile sin leo fós i bhfeidhm go dtí go ndéantar an chéad Phlean Forbartha Contae eile in 2020.

An Creat Náisiúnta Pleanála

Tá an Rialtas ag ullmhú Straitéis 20 bliain (an Creat Náisiúnta Pleanála) chun cinntí forbartha agus infheistíochta a threorú sa todhchaí. Nuair a chuirtear i gcrích í, tógfaidh an Straitéis seo áit na Straitéise Spáis Náisiúnta. Rinneadh Comhaighneacht ó Chontae agus Cathair Chorcaí a chur faoi bhráid an Chreata Náisiúnta Pleanála mar chuid den réamhphróiseas comhairliúcháin go luath in 2017. Foilsíodh an Dréach-Chreat Náisiúnta Pleanála d'Éire 2040 i nDeireadh Fómhair 2017 agus cuireadh isteach Comhaighneacht ar son an dá Chomhairle mar fhreagra ar an bhfoilsíúchán seo. Foilsíodh an Creat Náisiúnta Pleanála i bhFeabhra 2018

An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Geilleagrach

In 2018, déanfaidh Tionól Réigiúnach an Deiscirt an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Geilleagrach a chur chun cinn do Réigiún an Deiscirt. Déanfaidh Contae Chorcaí mar phríomhpháirtí leasmhar sa réigiún í féin a ullmhú dó sin.

Coiste um Beartais Straitéiseacha Uimh.

1 – Pleanáil & Forbairt Straitéiseach

Chruinnigh an Coiste um Beartais Straitéiseacha ceithre huairé in 2017 agus phléigh sé roinnt cheisteanna maidir leis an mbeartas pleanála:

- Athbhreithniú ar na Pleananna Ceantair Áitiúil
- An Creat Náisiúnta Pleanála Molta – Rinneadh tuairimí/barúlacha ón gComhairle a chuir leis an Comhaighneacht a chuir an dá hÚdarás isteach.
- Ciste Gníomhúcháin Tithíochta agus Infreastruchtúir Áitiúil
- Staidéar ar Chuan Chorcaí
- Iompar i Limistéar Cathrach Chorcaí



Rialú Dóiteáin & Foirgníochta

Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin



- Tiomáint Seirbhísí Éigeandála
- Cúrsa Fo-Oifigeach
- Cúrsa Oifigeach Stáisiúin
- Teagascóir Seirbhísí Dóiteáin

Rinneadh go leor oibre i gcéad ráithe 2017 ó thaobh leagan amach cúrsa agus roghnúchán bealaigh d'oiliúint Chaighdeáin Tiomána Seirbhísí Éigeandála (i.e. oiliúint i dtiomáint fheithiclí sheirbhísí gormsholais) a thosaigh in Aibreán 2017.

Eagraíodh cúrsa oiliúna d'earcaigh nua ag Stáisiún Dóiteáin Dhroichead na Bandan i rith na tréimhse 12 go 30 Meitheamh. Chríochnaigh 13 rannpháirtí as stáisiúin dhóiteáin dhifriúla ar fud an chontae an cúrsa agus ghlac comhraiceoir dóiteán amháin ó Sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála Thiobraid Árann i láthair freisin.

D'eagraigh seirbhís Dóiteáin Chontae Chorcaí Cúrsa d'Oifigh Fhostáisiúin ag Stáisiún Mhainistir na Corann i rith na tréimhse 18 – 29 Meán Fómhair. Rinne an NDFEM an cúrsa seo a chreidiúnú. D'fhreastail 17 nOifigeach Sóisearach, 13 díobh ó Sheirbhís Dóiteáin Chontae Chorcaí, ar an gcúrsa agus chríochnaigh siad é.

I Samhain agus Nollaig, d'eagraigh seirbhís dóiteáin Chontae Chorcaí cúrsaí athnuachana ar Imbhualtí ar Bhóithre le béim ar thimpistí a bhfuil Feithiclí Earraí Troma bainteach iontu. Rinneadh an oiliúint seo ag Stáisiún Dóiteáin Bhaile an Chollaigh. D'fhreastail 24 Oifigeach ó gach stáisiún sa Chontae ar an gcúrsa agus chríochnaigh siad é.

Cosc Dóiteáin

Baineann na staidrimh seo a leanas leis an líon iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán a fuarthas agus an líon Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán a bronnadh in 2017:

Líon iomlán na bhfreastal ar thinte in 2017	1,265
Aga freastail ar an meán	05:29
Aga freagartha ar an meán	15:56
% na nglaoch a raibh aga freagartha de níos lú ná 10 nóiméad acu	35.03%
% na nglaoch a raibh aga freagartha idir 10 agus 20 nóiméad acu	44.48%
% na nglaoch a raibh aga freagartha níos mó ná 20 nóiméad acu	20.48%
Líon iomlán na bhfreastal ar éigeandáil nárbh tine í in 2017	670
Aga freastail ar an meán	5:22
Aga freagartha ar an meán	14:38
% na nglaoch a raibh aga freagartha de níos lú ná 10 nóiméad acu	33.73%
% na nglaoch a raibh aga freagartha de níos lú ná 20 nóiméad acu	53.05%
% na nglaoch a raibh aga freagartha de níos mó ná 20 nóiméad acu	13.22%

Eagraíonn an Rannóg Dhóiteáin clár oiliúna cuimsitheach gach bliain. Seo a leanas achoimre de na cúrsaí oiliúna a eagraíodh in 2017:

- Cúrsa Earcach
- Caiteoirí Gaireas Análaithe
- Iompar Thine i bhFoirgnimh Roinnte
- Feasacht Uisce
- Oiliúint Chéad Fhreagróra i gcás Tuilte
- Oiliúint Shábhála ó Thitim
- Ábhair Ghuaiseacha
- Oibreoir Caidéil
- Cothabháil Chaidéil
- Cothabháil ar Threalamh Ghairias Análaithe
- Garchabhair ag an Obair
- Céad Fhreagróir Leighis
- Imbhualtí Tráchtá ar Bhóithre
- Teicnící Tarrthála d'Fheithiclí Earraí Troma
- Craein Hiab

Mí	Líon na nDeimhnithe a fuarthas	Líon na nDeimhnithe a ndearnadh cinneadh fúthu
Eanáir	36	37
Feabhra	41	23
Márta	30	37
Aibreán	23	30
Bealtaine	44	29
Meitheamh	29	33
Iúil	27	31
Lúnasa	23	33
Meán Fómhair	36	27
Deireadh Fómhair	23	17
Samhain	32	36
Nollaig	23	20



Iomlán	367	353
---------------	------------	------------

Seo a leanas achoimre de na gníomhaíochtaí Sábháilteacht Dóiteáin Comhphobail a tharla in 2017:

- Taispeántas Imbhualite Tráchtá ar Bhóithre do ranganna idirbhliana
- Léirithe ar Fheasacht Shábháilteacht Dóiteáin do mhuintir na n-Oileán in Iarthar Chorcaí
- Seastán Feasacht Shábháilteacht Dóiteáin ag Féile Theaghlaigh agus Ghairdíní Mhala
- Seastán Feasacht Shábháilteacht Dóiteáin ag Seó Samhraidh Chorcaí
- Taispeántas Tine Panna Sceallóg
- Cur i láthair do chuariteoirí Ionad Cúraim Lae
- Taispeántais Dhó Rialaithe
- Iniúchadh ar Láithreáin Stad

I gcomhréir leis an Stiúrthóireacht Tithíochta ghlac ár nOifigigh Phobail um Shábháilteacht Dóiteáin páirt i gclár chun cuairt a thabhairt ar Láithreáin Stad Thaisdealaithe arís in 2017. Ba athchúairt í seo ar na cuairteanna a tharla in 2015/2016 tar éis na tine thubaisteach a tharla i gCarraig Mhaighin ar an 10ú Deireadh Fómhair, 2015.

Ag deireadh gach bliain tugann Rannóg Dhóiteáin Chomhairle Contae Chorcaí cuairt ar Bhunscoileanna roghnaithe. Tharla na cuairteanna seo arís in 2017. Tá an-rath ar na cuairteanna seo - tugann siad deis don Rannóg Dhóiteáin an teachtaireacht faoi shábháilteacht dóiteáin sa bhaile a chur in iúl sa timpeallacht bhaile trí oideachas faoi dhóiteáin a thabhairt do pháistí.

Mar chuid do Sheachtain Shábháilteachta Dóiteáin 2017, d'eagraigh Rannóg Dhóiteáin Chomhairle Contae Chorcaí Feachtas Feasachta um Shábháilteacht Dóiteáin i bhfearann trí stáisiún (Sráid an Mhuilinn, An Ráth agus Ceann Toirc). Ar a bharr sin, chuaigh an Rannóg Dhóiteáin i mbun feachtais ar na meáin shóisialta agus trí dháileadh póstaer feachtais go háitiúil chun feasacht ar Shábháilteacht Dóiteáin um Nollaig a chur chun cinn.

D'ardaigh líon na ndaoine a leanann an Rannóg Dhóiteáin ar a suíomh Facebook arís in 2017. Déanfar a thuilleadh forbartha ar seo in 2018.

Rialú Foirgníochta



Baineann an staidreamh seo a leanas le líon na bhFógraí Tosach Feidhme agus na bhFógraí 7 Lá a deimhníodh

Mí	Líon na bhFógraí Tosach Feidhme agus na bhFógraí 7 Lá a deimhníodh
Eanáir	90
Feabhra	89
Márta	137
Aibreán	117
Bealtaine	117
Meitheamh	130
Iúil	127
Lúnasa	117
Meán Fómhair	97
Deireadh Fómhair	97
Samhain	96
Nollaig	52
Iomlán	1,266

Baineann an staidreamh seo a leanas le líon na n-iarratas ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a fuarthas agus líon na dTeastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a bronnadh in 2017:

Mí	Líon na dTeastas Rochtana a fuarthas	Líon na dTeastas Rochtana a ndearnadh cinneadh fúthu
Eanáir	24	17
Feabhra	22	14
Márta	26	33
Aibreán	21	27
Bealtaine	26	18
Meitheamh	24	32
Iúil	23	25
Lúnasa	17	26
Meán Fómhair	24	17
Deireadh Fómhair	18	13
Samhain	18	22




Nollaig	19	16
iomlán	262	260

Bainistíocht Móréigeandála

Tháinig Coiste um Bhainistiú Móréigeandálaí (MEMC) na Comhairle le chéile le linn 2017 chun ár bPleananna Móréigeandála agus na Fophleananna bainteacha a athbhreithniú agus a nuashonrú.

Stoirm Ophelia

Bhuail iar-aircín Ophelia cósta Éireann ar an 16 Meán Fómhair 2017 agus bhí damáiste tromchúiseach ann ar fud Chorcaí mar thoradh air. D'éirigh go geal le Foireann Bainistithe Éigeandála Chomhairle Contae Chorcaí, a freagairt ar Stoirm Ophelia a chomhordú. D'ullmhaigh Coiste na Comhairle um Bhainistiú Móréigeandálaí tuairisc dheiridh a cuireadh faoi bhráid Choiste Forbartha na Comhairle ar an 17 Samhain 2017.



An Plean agus na fophleananna móréigeandála

Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Móréigeandála agus atheisíodh í i Nollaig 2017, agus uasdátú déanta ar na Fophleananna seo a leanas:

- An Plean Drochaimsire
- An Plean Teagmhais um Dhoirteadh Ola agus Substaintí Guaiseacha Díobhálacha

Ciár SEVESO 2017

Cuireadh Pleananna Éigeandála Seachtraí faoi bhráid an phobail le haghaidh comhairliúcháin, agus rinneadh iad a athbhreithniú agus a uasdátú, agus cuireadh freachnaimh ar siúl i gcomhair na hionad seo a leanas:

- Irish Distillers Ltd., Dún Guairne ar an 29 Márta 2017
- Calor sa Gheata Bán ar an 30 Bealtaine 2017
- BASF san Oileán Beag ar an 8 Meitheamh 2017
- Zenith Energy i dTeirminéal Bhá Bheantraí ar an 11 Deireadh Fómhair 2017
- Grassland Agro ar an 1 Samhain 2017



Cosaint Shibhialta



Is é príomhról na Cosanta Sibhialta ná práinnfhreagairt 2ú líne a chur ar fáil do na Gníomhaireachtaí Freagartha Príomha (PRAnna) sna cásanna seo a leanas: drochaimsir, freagairt do thuilte, cuardach duine atá ar iarraidh, cumas cumarsáide agus otharcharranna éigeandála deontacha. Cuirtear oiliúint ghairmiúil i réimse leathan scileanna ar an bhfoireann dheonach. Déantar freachnaimh thraenála leis na PRAnna agus le Seirbhísí Éigeandála Deonacha eile ar bhonn rialta chun leibhéal ard ullmhachta a chinntiú agus chun nósanna imeachta a dhéanamh níos éifeachtaí.

D'fhreagair Aonaid Chosanta Sibhialta ar roinnt oibríochtaí éigeandála, ag tabhairt tacaíochta gharchabhrach agus otharchairr le linn eachtraí éagsúla, agus ghlac siad páirt i réimse freachnamh traenála agus cruinnithe idir-gníomhaireachta le linn 2017.

Bá dhíol suntais ar leith é freagairt ár nAonad Cosanta Sibhialta i ndiaidh Stoirm Ophelia, agus d'fhreastail siad ar an-chuid daoine leochaileacha trí uisce a sholáthar dóibh thar ceann Uisce Éireann agus trí bheartáin bhia a sholáthar do chustaiméirí ESB.



Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht

Turasóireacht

Coiste um Beartais Straitéiseacha

Tháinig an Coiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) don Turasóireacht le chéile 4 huairé in 2017 agus pléadh ceisteanna amháil na cinn seo a leanas:

- Turasóireacht a Fhorbairt i gCorcaigh – Straitéis Chomhchoiteann – 2016-2020
- Ráiteas Turasóireachta Chomhairle Contae Chorcaí maidir le Clár Straitéise & Oibre 2017 - 2022
- Forbairt an Bheartais um Veaineanna Campála (arna ghlacadh ag an gComhairle lomlán ar an 22 Eanáir, 2018).
- Forbairt Treoirínte maidir le Ceadúnú Troscáin Sráide
- Conair Turasóireachta - Beartas chun na Buntáistí Geilleagracha don Chontae a Uasmhéadú
- Eitiltí ó Chorcaigh chuig Providence/Bostún - Norwegian
- Turasóireacht Cúrsála

Rinne na heagraíochtaí seo a leanas cuir i láthair don SPC le linn 2017.

- Fáilte Ireland – Pleananna 2017 maidir le Slí an Atlantaigh Fhiáin & Sean-Oirthear Éireann
- Eagraíocht Margaíochta Ceann Scríbe Chorcaí - Éachtaí go dtí seo, pleananna le haghaidh 2017 & níos faide ar aghaidh
- Taste Cork (Blaiseadh Chorcaí) – Féiniúlacht & Lionra Réigiúnach a Fhorbairt le haghaidh Earnáil Bia Chorcaí
- An Branda Gleanntáin na Mumhan - Achoimre ar Éachtaí 2017 agus Pleananna le haghaidh 2018
- Visit Cork (Tabhair Cuairt ar Chorcaigh) - An t-eolas is déanaí ar ghníomhaíochtaí Visit Cork agus achoimre ar thosaíochtaí PURE CORK don bhliain 2018

Turasóireacht i gCorcaigh ag Fás - Straitéis Chomhchoiteann

Cuireadh Grúpa Stiúrtha Údarás Áitiúil um Straitéis Turasóireachta ar bun, a bhfuil ionadaithe ó Chomhairle Contae Chorcaí agus Comhairle Cathrach Chorcaí ina mbaill de. Is é ról an Ghrúpa ná obair i gcomhar leis an Uasal Ursula Morrish, Bainisteoir Ceann Scríbe, maidir leis na gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm a bhfuil na hÚdarás Áitiúla ina gComhpháirtithe Ceannais ina leith,

agus cabhrú maidir le cur i bhfeidhm na gníomhaíochtaí a bhfuil na hÚdarás Áitiúla ina bPríomhchomhpháirtithe iontu.

Is é seo a leanas an t-eolas is déanaí maidir le gníomhaíochtaí Visit Cork:

Teachtaireachtaí Branda agus Treoirínte Amharc-Aithne – Pure Cork

Ceapadh an ghníomhaireacht chruthaitheach Designworks chun Teachtaireachtaí Branda agus Treoirínte Amharc-Aithne a dheardh agus a chur ar fáil. Tá críoch curtha leis an obair seo anois agus faoi láthair, tá Comhairlí, páirtithe leasmhara agus soláthóirí sa tionscal turasóireachta ag glacadh Pure Cork chucu féin go forleathan.

Láithreán Gréasáin Visit Cork

Ceapadh an ghníomhaireacht deartha Web Bureau chun an láithreán gréasáin nua Visit Cork (Tabhair Cuairt ar Chorcaigh) a dheardh agus a fhorbairt. Tá an obair sin fós idir lámha agus táthar ag súil go mbeidh an láithreán gréasáin réidh lena sheoladh i Ráithe 1 2018.

RÁITEAS TURASÓIREACHTA CHOMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ MAIDIR LEIS AN gCLÁR STRAITÉISE & OIBRE

Faoi stiúir Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA) agus an Chumann Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA), agus tacaíocht chuige seo faighte ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS), bhí de cheanglas ar gach Údarás Áitiúil, Ráiteas Turasóireachta maidir le Clár Straitéise agus Oibre a ullmhú don tréimhse 2017 – 2022, agus é sin bunaithe ar theimpléad coiteann a eisíodh i Nollaig 2016, faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Beartas Náisiúnta, 2. Plean Gníomhaíochta le haghaidh Post, 3. Spriocanna Turasóireachta de chuid an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP), 4. Clár Oibre Turasóireachta 2017 – 2022 – Príomhghníomhaíochtaí, agus 5. Comhoibriú agus tionscnaimh shaincheaptha sa réigiún.

Seoladh na straitéisí críochnaithe i láthair Chomhdháil Náisiúnta Turasóireachta na nÚdarás Áitiúil dar teideal 'Comhoibriú Áitiúil i gcomhair lomaíochas Domhanda' ar an 29 agus an 30 Márta, 2017 in Inis Córthaidh, Co. Loch Garman.



Nuashonrú maidir leis an mBonneagar Turasóireachta

- **Conair Capall Bhéara:** Tá Céim 1 curtha i gcrích agus tá tús curtha le hobair anois ar chéim 2 den chéad Chonair Capall in Éirinn ó Bhaile Chaisleáin Bhéarra - na hAilichí - Iorthan, le cabhair ó mhaoiniú REDZ
- **Slí an Atlantaigh Fhiáin:** Tá na Cláir Threochomharthaíochta críochnaithe agus tá Comhairle Contae Chorcaí ag obair go dlúth fós le Fáilte Éireann maidir le seoladh an bhanda Shlí an Atlantaigh Fhiáin amach anseo.
- **Sean-Oirthear Éireann:** Cabhair le seoladh comharthaíochta fáilte teorann, tógáil painéal léirmhíniúcháin agus suiteáil Comharthaíochta Treoshuimh i dtaca le Sean-Oirthear Éireann (IAE).
- **Conairí Oidhreacht Thuaisceart Chorcaí:** Tá an tionscnamh seo fós ina thús.
- **Inis Píic:** Próiseas tairisceana idir lámha le haghaidh an dara bád farantóireachta chun níos mó cumas a sholáthar agus freastal ar an éileamh atá ann.
- **Fort Camden:** Máistirphlean á ullmhú a mheastar a bheidh críochnaithe i Ráithe 1 2018.
- **Eispéireas Oidhreacht Mheánaoiseach Chill na Mallach:** Áirítear leis an tionscadal seo forbairt Chonair Mheánaoiseach Bhaile 1 chiliméadair, a chuimseoidh 6 Shéadchomhartha Náisiúnta.
- **Staidéar Féidearthachta Ghormbhealach Chorcaí Thuaidh:** Ghnóthaigh Comhairle Contae Chorcaí maoiniú €200,000 faoi Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2017 le haghaidh dhá phointe tús siúlóide i Sráid an Mhuilinn agus Mainistir Fhear Maí, mar aon le feabhsuithe ar na siúláin/cosáin in aice láimhe san dá áit sin.
- **Glasbhealach Chuan Chorcaí:** Tá deireadh curtha anois leis an dréacht-dearadh mionsonraithe le haghaidh an chéad chéim den chuid den Ghlasbhealach a bhfuarthas cead pleanála Chuid 8 ina leith in 2017.
- **An Glasbhealach ó Mhainistir na Corann go dtí Eochail:** Faoi láthair, tá críoch á cur le líníochtaí agus doiciméid pleanála Chuid 8 don Ghlasbhealach molta ó Mhainistir na Corann go dtí Eochail.
- **Eochail go dtí 2020:** Táthar ag obair ar an dréacht deiridh den phlean, Eochail go dtí 2020
- **Teach Solais Eochaille:** Tá pleananna faoi lánseol chun clós an tí solais a oscailt do chuariteoirí, ionad amhairc a fhorbairt agus scéal Theach Solais Eochaille is stair mhuirí Eochaille a chur faoi bhráid an tsaoil.

- **Scéal Mhig Uidhir:** Tá conairí Mhig Uidhir beagnach críochnaithe.

Scéim Deontas Caipitiúil Fháilte Éireann do Mhórhionscadail Turasóireachta

Carr Cábla & Ionad Cuairteora Oileán Baoi - Maoiniú €200,000 arna fhaomhadh ag Fáilte Éireann faoi chomhair chostais mholta de bhreis is €427,750 le haghaidh na céime forbartha (gan CBL san áireamh). Ní mór foirm iarratais ar dheontas soláthair a bheith seolta chuig Fáilte Éireann faoi lár 2020. Ní mór do gach faomhadh reachtúil a bheith i bhfeidhm sula seoltar an t-iarratas seo isteach. Meastar go gcosnóidh an tionscadal seo thart ar €7 milliún.

“Scéim Deontais Shean-Oirthear Éireann” Fháilte Éireann

Eaglais Choláisteach Mhuire, Eochail - Iarratas ar mhaoiniú ó Scéim Deontais Shean-Oirthear Éireann Fháilte Éireann i dtaca le Léirmhíniú Seanchais le haghaidh Eaglais Choláisteach Mhuire. Ba é an 17 Eanáir 2018 an spriocdháta. Meastar go gcosnóidh an tionscadal seo €200,000 + CBL.

Tacaíochtaí Margaíochta

Turasóireacht Chúrsála in Iarthar Chorcaí: Táimid fós ag dul i muinín seirbhísí Sainchomhairleora Turasóireachta atá ag déanamh iarracht thar ár gceann, níos mó longa cúrsála a mhealladh chun cuairt a thabhairt ar Iarthar Chorcaí.

Gleanntáin na Mumhan: Is ceann scribe fuinniúil nua é Gleanntáin na Mumhan, a chuimsíonn Sléibhte an Chomaraigh, na Cnoic Mhaoldomhnaigh, na Gaibhlte, an Sliabh Riabhach agus Sliabh an Nóglaigh. Seoladh an t-ainm branda go hoifigiúil i gCaisleán Leasa Móire ar an Déardaoin, 5 Deireadh Fómhair, 2017.

Tá tacaíocht mhargaíochta curtha ar fáil freisin ag Comhairle Contae Chorcaí d'Oileáin Iarthar Chorcaí, don Taispeántas 'Taster of West Cork' (Blaiseadh d'Iarthar Chorcaí), don Bhranda Oileáin Chuan Chorcaí agus d'Fhainne Chorcaí in 2017, agus faomhadh breis is €88,250 chuige seo.

Féilte/Imeachtaí: Thacaigh Comhairle Contae Chorcaí le roinnt mhaith féilte/imeachtaí in 2017, agus faomhadh breis is €461,000 chuige seo.



Forbairt Fiontraíochta

Ba bhliain ghnóthach rathúil eile é 2017 d'Oifigí Fiontair Áitiúil (LEOnna) Chomhairle Contae Chorcaí. Cuireadh os cionn €1m de Chúnamh Deontais ar fáil do mhicreaghnóthais i gCo. Chorcaí i gcaitheamh na bliana, agus mar thoradh air seo, fostaíodh 376 sa bhreis sna cuideachtaí ar tacaíodh leo, arb ionann é agus méadú 15% san iomlán ar an bhfostaíocht sna gnóthais seo. D'fhreastail beagnach 1900 duine ar na cláir oiliúna, na seimineáir agus na himeachtaí a d'eagraigh LEOnna an Chontae, agus lena linn seo, clúdaíodh topaicí amhail 'Do Ghnólacht Féin a Thionscnamh' agus Margaíocht Dhigiteach. Bhain cliant tairbhe as Seirbhís Meantóireachta agus Comhairle Gnó, agus bhí 900 cruinniú i dtaca leis seo in 2017.

Forbairt Gheilleagrach

Rinneadh 1% den ioncam ó Rátaí Tráchtála, is é sin, €1,250,278.00, a leithdháileadh ar an gCiste um Fhorbairt Gheilleagrach (EDF) ionas go mbeifí in ann cur chuige tosaíochta a chur i bhfeidhm, agus an cur chuige sin bunaithe ar fhianaise agus á stiúradh ag plean ar leith, chun go mbeidh sé mar bhonn agus taca ag leithdháileadh maoinithe le haghaidh forbairt gheilleagrach inbhuanaithe agus cruthú post. Is iad na tosaíochtaí sin ná:

- Margaíocht agus Turasóireacht Straitéiseach,
- Chomhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha,
- Forbairt Miondíola / Bailte,
- Forbairt Táirgeadh Bia agus Tacaíochtaí Easpórtála,
- Tionscnaimh Chómhainithe.

Lena hais sin, is féidir leis an EDF deiseanna a thapú de réir mar a thagann siad aníos, agus úsáidtear go cuí é chun tacú le forbairt an éiceachórais fiontair sa chontae.

Áirítear leis na Tacaíochtaí le haghaidh

Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha na cinn seo a leanas: Ionad Nuála Maidir le

Córais agus Seirbhísí Uisce (WSSIC): Is comhpháirtíocht í seo idir Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a bhfuil mar aidhm aici freagairt ar an éileamh náisiúnta agus idirnáisiúnta ar réitigh teicneolaíochta nuálacha do réimse fadhbanna sa tionscal uisce. Tá WSSIC tar éis cabhrú le cuideachtaí, córais uisce níos 'cliste' a fhorbairt agus smaointe nua a aistriú go táirgí agus seirbhísí nua atá tar éis a gcion a dhéanamh chun poist a choinneáil / a chruthú, díolachán a mhéadú agus deiseanna easpórtála a ghiniúint.

Is iad baill foirne ón earnáil uisce a bhainistíonn WSSIC, a reáchtáiltear ag an Ionad Nimbus in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT), agus is iad baill foirne ó Nimbus a chuireann na tionscadail i bhfeidhm. Tá réimse leathan tionscadal curtha i gcrích aige, idir Dhearbháin

Nuálaíochta €5k agus Chistí Tráchtálaíochta ar mhórsála, agus tá an Réimse Tionsclaíochta tar éis ranníocaíochtaí chomhchineáil a dhéanamh le tionscadail.

Go dtí seo, tá WSSIC tar éis obair i gcomhar le breis is 120 cuideachta in Éirinn san earnáil uisce agus roinnt mhaith atá lonnaithe thar lear; meastar go bhfuil a idirghabhálacha tar éis os cionn 35 post a chruthú ná a choinneáil agus táthar ag súil go gcruthófar idir 80 agus 100 post breise sa mheántearma ar bhunús na réiteach atá curtha ar fáil do cuideachtaí cheana féin.

IGNITE: Baineann IGNITE, an Clár Nuálaíochta Gnó do Chéimithe, leas as iomlán na n-acmhainní atá ag Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí, an trí LEOnna sa Chathair agus sa Chontae, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, comhpháirtithe tionscail agus ceannairí gnó chun cabhrú le céimithe nua tríú leibhéal, gnólachtaí inscálaithe a bhunú sa réigiún, a bhfuil an teicneolaíocht ina bunús leo agus atá dírithe ar easpórtáil. Tá tacaíocht tugtha ag an gClár do bheagnach 50 gnólacht nuathionscanta agus os cionn 60 bunaitheoir ó seoladh é in 2011. I measc na ngnólachtaí úd, tá 90 duine fostaithe anois in 32 díobh, agus tá idir 5 agus 10 fostaí lánaimseartha i roinnt mhaith eile díobh; tá na gnólachtaí tar éis bonn a chur faoina ngnó freisin i margaí idirnáisiúnta, agus infheistíocht phríobháideach €250K ar a laghad a thiomsú, agus tá siad ar tí tuilleadh fáis a bhaint amach sa todhchaí. Tá Comhairle Contae Chorcaí sásta a tacaíocht a thabhairt don tionscnamh seo go dtí 2018.

Tairseach Chliste Chorcaí: Ba iad Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí, Ionad Taighde Nimbus agus Institiúid Náisiúnta Tyndall a chuir tús leis an tionscnamh seo, chun cur lena gcuid sócmhainní, buanna agus eispéiris choiteanna le go gcuirfí Corcaigh chun cinn mar Réigiún Cliste, agus le go leagfaí béim ar dhea-cháil Chorcaí mar áit tharraingteach le maireachtáil ann, le hobair ann, le cuairt a thabhairt air agus le hinfheistíocht a dhéanamh ann, agus freisin mar áit ina mbainfí leas as na réitigh teicneolaíochta is fearr le haghaidh bonneagair agus soláthar seirbhísí poiblí, agus mar áit ina mbeadh cead ag gach páirtí leasmhar a bheith rannpháirteach i bpróisis chinnteoireachta, agus taitneamh a bhaint as timpeallacht feabhsaithe.

Is fóram é an Tairseach Chliste a chuireann ar chumas na n-eagraíochtaí seo, comhoibriú lena chéile agus eolas a chomhroinnt, agus tacaíonn seo is cuireann sé leis an iliomad eagraíochtaí i gCorcaigh atá gafa le réitigh chliste chun an réimse fisiciúil a fheabhsú, idir chaomhnú fuinnimh agus shonraí oscailte.



Cruinniú Mullaigh na hÁise, Corcaigh: Tá naoi gcinn den 10 meigeachathair is mó fáis suite san Áis, agus faoi 2025 beidh beagnach leath d'aschur geilleagrach an domhain ag teacht uathu, rud a sháróidh an Eoraip agus Tuaisceart Mheiriceá le chéile. Tá na ranna rialtais uile ag dréim le straitéisí earnáilbhunaithe a chur i bhfeidhm chun caidrimh dhéthaobhacha leis an tSín agus leis na tíortha Áiseacha eile a chur chun cinn.

Ó 2015 i leith, tá Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Comhlachas Tráchtála Chorcaí ina gcompháirtithe le Asia Matters, lárionad Éireann ó thaobh ceannaireacht smaointeoireachta i dtaca le trádáil AE-Áise, infheistíocht, eacnamaíocht agus caidrimh idirnáisiúnta, agus tháinig siad uile le chéile chun an Cruinniú Mullaigh Áise Chorcaí a réachtáil i gCorcaigh. Ba é téama chruinniú mullaigh 2017 ná Building Win-Win Strategic Partnerships (Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha a Fhorbairt chun leasa Cách), agus thug seo léargas do chuideachtaí Chorcaí ar a bhfuil ann de dheiseanna sainearnála i margaí na hÁise agus na Síne.

Tionscnaimh Eile: Chomh maith le gníomhaíochtaí an Chiste um Fhorbairt Gheilleagrach, tá baint ag Comhairle Contae Chorcaí le roinnt mhaith tionscnamh eile a bhaineann leis an ngeilleagar, amhail na cinn seo a leanas:

- A. Caomhnú, athchóiriú agus oibriú nithe is díol spéise do thurasóirí in Inis Píc agus Camden Fort Meagher. Is saoráidí aitheanta cultúrtha, oidhreacht agus pobail iad an dá dhaingean seo i gCuan Chorcaí
- B. Rannpháirtíocht i dtionscadail chómhainithe AE. Tá Comhairle Contae Chorcaí ag fáil deontas thart ar €800k chun a bheith rannpháirteach sna tionscadail seo a leanas, atá ag teacht go mór lenár spriocanna straitéiseacha féin;
 - Clár: Horizon 2020. Acraim: CUTLER - Forbairt Uirbeach Cósta bunaithe ar Theacht Aniar. Téama: Olltíomsú Sonraí. Tosach: Ráithe 1 2018. Críoch: Ráithe 1 2021. Buiséad: €244,750 (Ráta Deontais 100%)
 - Clár: FP7 – Marie Curie. Acraim: Bridge SMS. Téama: Bonneagar. Dáta Tosaigh: Tosaithe. Dáta Críche: Ráithe 4 2018. Buiséad: €26,026.46 (Ráta deontais 100%)
 - Clár: INTERREG Vb - Northern Periphery & Arctic. Acraim: e-lighthouse. Téama: Éifeachtúlacht Fuinnimh. Tosach: Tosaithe. Dáta Críche: Ráithe 1 2019. Buiséad: €232,261.30 (Ráta Deontais 65%)

- Clár: INTERREG Vc - INTERREG na hEorpa. Acraim: Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (SMEanna) Ceann Scribe. Téama: Turasoireacht. Tosach: Tosaithe. Dáta Críche: Ráithe 1 2020. Buiséad: €196,058 (Ráta Deontais 85%)
- Clár: COSME. Acraim: ERASMUS-NET. Téama: SMEanna / Fiontar. Tosach: Tosaithe. Críoch: Ráithe 1 2018. Buiséad: €102,568 (Ráta Deontais 90%)

- C. REDZ - Criosanna Forbartha Geilleagraí Tuaithe
- D. SBIR – Tionscadail Taighde um Nuálaíocht Gnóthas Beag.

Cuireann Comhairle Contae Chorcaí réimse roghanna réadmhaoine ar fáil, lena n-áirítear talamh, suímh, aonaid agus deasca sealaíochta ar fud an Chontae chun cúnaimh a thabhairt do ghnóthais reatha agus do ghnóthais atá ag teacht chun cinn maidir le tionscnaimh forbartha geilleagraí a chur i bhfeidhm. In 2017, léiríodh go leor spéise sna roghanna seo tar éis an chúlaithe eacnamaíochta a bhí ann ar feadh 7-10 mbliana roimhe sin. An tionscnaimh is déanaí ná na cistíní cothaithe bia i gCarraig Uí Leighin, áit ar féidir spás cistine tráchtála lánfheistithe den ghrád bia a fháil ar cíos in aghaidh na huairé i gcistin den chineál is nua-aimseartha. Tá úsáid bainte astu freisin le haghaidh oiliúna, taighde agus forbairt (T&F), scannánaíochta agus taispeántais, rud a chuireann go mór le bonneagar fiontair an Chontae. Lean Comhairle Contae Chorcaí de thacú le fuinneamh geilleagrach ár limistéar lár baile, agus tugadh isteach tionscnaimh amhail an Clár Miondiola Beacon agus an tionscnamh Siopadóireachta Áitiúla um Nollaig, a chuir páirceáil saor in aisce chun cinn, mar aon le taitneamhachtaí eile inár mBailte

Coiste um Beartais Straitéiseacha

Leathnaigh an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 ról na gComhairlí, agus chuir ar a gcumas baint níos mó a bheith acu le forbairt geilleagrach a bpobal.

In 2011, chuir comhaltaí Chomhairle Contae Chorcaí €1m i leataobh chun Ciste um Fhorbairt Gheilleagrach (EDF) a chur ar bun a thacódh le forbairt geilleagrach ar fud an chontae agus a chruthódh timpeallacht ina bhféadfaí fiontair agus gníomhaíocht geilleagrach i gcoitinne a chothú. In 2012, choimeád na baill an ciste agus rinne siad 1% den ioncam ó Rátaí Tráchtála a leithdháileadh ar an EDF d'fhonn tacú le roinnt mhaith gníomhaíochtaí tosaíochta maidir le cur chun cinn fiontair, agus d'fhonn gealltanais reatha i dtaca le forbairt geilleagrach a mhaoiniú.



In 2015, ghlac baill an SPC um Fhorbairt Gheilleagrach agus Fiontraíochta sraith tosaíochtaí nuashonraithe chucu féin chun críche leithdháileadh tacaíochta ón gCiste um Fhorbairt Gheilleagrach. Is iad seo a leanas na tosaíochtaí sin:

- Tacaíocht don Mhargáíocht Straitéiseach agus don Turasóireacht
- Tacaíocht do Chomhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha
- Tacaíocht do Mhiondíol i mBailte/Forbairt Bhailte
- Tacaíocht d'Fhorbairt sa Táirge Bia agus do Thacaíochtaí Easpórtála
- Tacaíocht do Thionscnaimh Chomhchistithe

Éascóidh na tosaíochtaí athbhreithnithe seo cur chuige spriocdhírthe, agus an cur chuige sin bunaithe ar fhianaise agus á stiúradh ag plean ar leith, chun go mbeidh sé mar bhonn agus taca ag leithdháileadh maoinithe le haghaidh forbairt gheilleagrach inbhuanaithe agus cruthú post. Is fearr is féidir leis an gcur chuige seo deiseanna a thapú de réir mar a thagann siad aníos, agus úsáidfean go cuí é chun tacú le forbairt an éiceachórais fiontair sa chontae.

Clár um Fhorbairt Tuaithe 2014 - 2020

Arna oibriú ag 3 Choiste Áitiúil um Fhorbairt Pobail (LCDC) / Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta (LAG)
Conarthaí sínithe i gcomhair 6 thionscadal san iomlán, Luach €565,472.08
23 tionscadal eile faoi réir eisiúint conarthaí, Luach €846,977.55

Trí láithreán gréasáin LEADER ar féidir amharc orthu:
www.leadernorthcork.com;
www.leadingsouthcork.com;
www.leaderwestcork.com;

Clár SICAP 2018 – 2022:

Arna oibriú ag 3 LCDCanna.
Conradh sínithe i Nollaig 2017 ar luach €11.538,864, bronnadh tairiscintí ar 6 chuideachta, Avondhu Blackwater Partnership; IRD Dúiche Ealla; Comhpháirtíocht SECAD; Forbairt Bhealach Eabhra; Comhpháirtíocht Forbartha Iarthar Chorcaí; Comhar na nOileán.

Scéimeanna Deontais: Scéim Saoráidí Pobail, €64,500 luach iomlán an deontais, 68 deontas san iomlán eisithe ar fud an Chontae.

RAPID, €64,500 luach iomlán an deontais, rinneadh 2 mhórdheontas san iomlán a leithdháileadh.
Ciste Éireann Sláintiúla, curtha i bhfeidhm i gcás trí LCDC, leithdháileadh deontais €200,000 faighte, 6 bheart aitheanta ar fud na tíre.

Comhairle na nÓg: Eagraíodh cuid mhaith cruinnithe i gcaitheamh na bliana, ar bhonn áitiúil agus réigiúnach araon. Reáchtáladh an Cruinniú Cinn Bhliana i Samhain 2017, agus d'fhreastail breis is 200 dalta air.

Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (PPNanna): Eagraíodh trí chruinniú iomlánacha in 2017, ceann i gCorcaigh Thuaidh/Theas agus ceann in Iarthar Chorcaí. Tharla Cruinniú Bardasach Tionscnaimh PPN in Eochail i Samhain, 2017.

Reáchtáladh an Chéad Chomhdháil PPN Náisiúnta i Sligeach i mí Dheireadh Fómhair.

SPC um Chuimsiú Sóisialta & Pobal:

Bhí 4 chruinniú ann san iomlán in 2017. An Beartas um Áineas & Taitneamhachtaí agus na Fodhlíthe Clóis Súgartha á n-athbhreithniú faoi láthair. Ghlac an SPC páirt mhór i nGradaim Phobail Bhliantúla an Mhéara. Rinne roinnt mhaith grúpaí cuir i láthair le linn na bliana, lena áiríodh 'Connecting For Life' (Nascadh don Bheatha), Plean Gníomhaíochta Chorcaí um Fhéinmharú & Féindochar a Chosc 2017 – 2020; Grúpaí airgeadais shóisialta, Clann Credo & Community Finance Ireland; Athbhreithniú ar Mhaoiniú Pobail na gCeantar Bardasach.

Plean Gníomhaíochta um Phoist san Iardheisceart

Ó tugadh isteach Plean Gníomhaíochta um Phoist san Iardheisceart 2015 – 2017 mar phríomhionstraim chun cruthú post agus forbairt fiontair a spreagadh, tá an réigiún tar éis feidhmíocht gheilleagrach thar a bheith láidir a léiriú. De bharr gurb é fis bhunúsach an phlean ná 40,000 post breise a chruthú sa réigiún faoi 2020, tá 26,900 duine tar éis a bheith fostaithe le linn na tréimhse Ráithe 1 2015 go dtí Ráithe 2 2017, de réir Shuirbhé Náisiúnta Ráithiúil Teaghlach (QNHS) na Príomhoifige Staidrimh (CSO). Mar thoradh air seo, tá an ráta is ísle difhostaíochta réigiúnaí sa tír, is é sin, 4.8%, á léiriú san Iardheisceart, mar aon leis an ráta is tapúla méadaithe post in aghaidh gach 10,000 den daonra, i réigiúin uile na tíre agus sa Stát ina iomláine. Is éard is cúis leis seo ná diongbháilteacht dhícheallach na bpáirtithe leasmhara ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, a bhfuil baint acu leis an éiceachóras réigiúnach um fhorbairt gheilleagrach agus fiontraíochta, agus tá na páirtithe leasmhara ag súil le cur leis an bhfás geilleagrach seo sa toadhach.

In 2017, mar fhreagairt ar Scéim um Fhorbairt Fiontraíochta Réigiúnach Fhiontraíocht Éireann, cuireadh maoiniú ar fáil do 7 dtionscadal straitéiseacha i réigiún an Iardheiscirt, as 21 tionscadal ar fud na tíre san iomlán. Beidh tionchar nach beag ag na tionscadail seo, ar leibhéal aonair agus coiteann araon, ar chruthú post agus ar fhorbairt fiontair sa réigiún. Ar na tionscadail a bhfuil éirithe leo, tá RDI Hub Company Limited by Guarantee (CLG), Ionad Barr Feabhais AgriTech CLG, Cork Urban Enterprises CLG, Sneem Innovation and Technology Services CLG ag trádáil mar Sneem Digital Hub, MOL TEIC, IT@Cork agus KerrySciTech.



Airgeadas

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as bainistíocht airgeadais ghinearálta acmhainní na Comhairle, idir loncam agus Chaipiteal. Tá sé mar dhualgas uirthi na hiocaíochtaí ar fad a dhéanamh, idir íocaíochtaí do chreidiúnaithe, an pá rolla, aisíocaíochtaí ar iasachtaí, agus préimheanna árachais; maoirseacht ar bhainistíocht ioncain lena n-áirítear deontais agus fóirdheontais rialtais a fháil ar ais. Tá an Rannóg seo freagrach as an obair riachtanach a dhéantar ar ullmhúchán agus cur i láthair an Bhuiséid Bhliantúil (€306.8m), an Chláir Caipitil Trí Bliana (€517.8m) agus an Ráitis Airgeadais Bhliantúil; tairfid airgeadais a choinneáil agus tuarascálacha agus tuairisceáin reachtúla éagsúla a dhéanamh. Tá sé de dhualgas ar an Rannóg rátaí tráchtála agus iasachtaí tithíochta a bhailiú. Le linn di a cuid oibre a chur i gcrích, téann an Rannóg Airgeadais i gcomhairle le Stiúrthóireachtaí agus Oifigí eile ar bhonn rialta. Forbraíonn agus cuireann sí i bhfeidhm beartais agus struchtúir le haghaidh Chomhairle Contae Chorcaí agus soláthraíonn sí seirbhísí cúnamh don eagraíocht. Is iad na príomhaonaid laistigh den Rannóg Airgeadais ná:

- Iasachtaí Tithíochta
- Párolla
- Íocaíochtaí
- Árachas
- Bainistíú Méadraithe Uisce Neamh-Theaghlaigh
- Soláthar
- Cuntasaíocht Airgeadais
- Cuntasaíocht Bhainistíochta
- Mótarcháin
- Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)
- Rátaí & Bailiúchán

Rátaí Tráchtála

Ba é luach na Rátaí Tráchtála a bailíodh in 2017 ná €120.2m, mar thoradh ar an gcuidreamh leanúnach idir an fhoireann bailithe Rátaí agus c. 14,200 íocóir rátaí. Den mhéid seo, rinneadh €1.1m a imfháil le haghaidh úsáid i gCiste um Fhorbairt Gheilleagrach na Comhairle. Lena chois sin, rinneadh €1m sa bhreis a imfháil do Chiste Forbartha Bailte na Comhairle, arb é an aidhm atá leis ná cabhrú leis na Ceantair Bhardasacha tacú le forbairt áitiúil i mbailte. Tá Comhairle Contae Chorcaí freagrach anois as rátaí a thobhadh agus a bhailiú i seanlimistéir riaracháin Chomhairlí Baile Chloich na Coillte, an Chóibh, Mhainistir Fhear Maí, Chionn tSáile, Mhaigh Chromtha, Mhala, Mhainistir na Corann, an Sciobairín agus Eochaille, i ndiaidh dhíscáileadh na limistéar sin faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014. De réir fhorálacha an Achta, cuireadh tús in 2016 leis an bpróiseas chun na Rátaí Bliantúla ar Luacháil (ARVanna) a chomhoiriúnú. Táthar ag súil go mbeidh an próiseas comhoiriúnaithe curtha i gcrích faoi 2020, agus aistreoidh iaríocóirí rátaí de chuid na gComhairlí Baile chuig ARV ginearálta an chontae de 74.75 ar bhonn céimnithe. Ba é 2017 an tríú bliain as a chéile den Scéim

nua Deontais Rátaí, arb infheidhme í do gach íocóir rátaí (i limistéir an chontae amháin) a chomhlíonann na riachtanais cánach nó a bhfuil a gcuid cuntas ag feabhsú, agus is ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SMEnna) go príomha atá an scéim dírithe. B'ionann agus 3% de mhuirear rátaí 2017 an deontas a tugadh do chuntais incháilithe, faoi réir bhille €3,000 ar a mhéad. San iomlán, is 6,335 cuntas a bhí incháilithe don deontas, ar chostas €0.4m.

Uisce Neamh-Theaghlaigh

D'fheidhmigh Comhairle Contae Chorcaí mar ghníomhaire d'Uisce Éireann i dtaca le bainistíú chonarthaí an mhéadraithe neamh-theaghlaigh faoi chonradh comhaontaithe seirbhíse (SLA) le haghaidh soláthar seirbhísí uisce. Aistríodh bailiúchán muirear neamh-theaghlaigh uisce chuig Uisce Éireann in 2017.

Mótarcháin

Lean Rannóg Mhótarcháin na Comhairle ar aghaidh ag soláthar seirbhísí cuntair agus poist do Chontae agus do Chathair Chorcaí. In 2017, bailíodh táillí Mótarchánach €29.1m agus aistríodh an t-ioncam sin chuig an rialtas. Eisíodh 140,366 diosca mótarchánach i rith 2017. Lean an oifig Mhótarchánach ag plé le hábhair a bhaineann le mótarcháin nach féidir faoi láthair déileáil leo ar líne, lena n-áirítear plátaí trádála, aisíocaíochtaí, feithiclí díolmhaithe, fiosruithe ón nGarda nó ó Dhlíodóirí, agus clárú leantóirí. Ba é iomlán na n-idirbheart thuas don bhliain ná c. 194,944.

Árachas

Déanann an rannán Árachais cothabháil agus bainistíocht ar na polasaithe árachais éagsúla atá ann chun a chinntiú go bhfuil clúdach dóthanach ann do phriacail a eascraíonn as réimse leathan oibríochtaí na Comhairle. Tá polasaithe ann freisin chun cosaint a thabhairt d'acmhainní uile Chomhairle Contae Chorcaí Faigheann an rannán seo freisin na héilimh Dhlíteanais Phoiblí agus Dhlíteanais Fostóra ar fad agus oibríonn sí le hárachóir na Comhairle, Comhar-Árachais Chomhlachtaí Poiblí Éireann, chun déileáil leis na héilimh seo.

Soláthar

Athbhunaíodh rannán tiomanta soláthair i Márta 2017 nuair a ceapadh Oifigeach Soláthair agus nuair a earcaíodh foireann. Beidh an rannán seo freagrach as tacú le ceannaitheoirí ar fud rannáin na Comhairle agus iad ag iarraidh na hearraí, na seirbhísí agus na hoibreacha a cheannach, is fearr a chinnteoidh luach ar airgead dár saoránaigh i gcomhréir le Beartas Náisiúnta agus leis na Rialacháin Eorpacha um Sholáthar Poiblí.



Bailiú Ioncaim 2017 (de réir Aguisín 7 Dréacht an Ráitis Airgeadais Bhliantúil (AFS) 2017):

	Cíosanna & Blianchtaí Tithíochta	Rátaí Tráchtála	Íasachtaí Tithíochta
Suim Iomlán Dlíte	18,513,094	135,055,848	8,549,475
Iomlán a Bailíodh	17,586,548	120,168,330	4,676,497
% Bailithe	95%	90%	55%

Sliocht ó Dhréacht AFS 2017:

Cuntas Ioncaim	2017	2016
Caiteachas Iomlán	284,396,338	288,901,208
Ioncam Iomlán	314,056,300	313,582,132
Iarmhéid na bliana roimh Aistrithe	29,659,962	24,680,923
Aistriú chuig an gCúlchiste	(29,347,881)	(24,119,263)
Iarmhéid/(easnamh) iomlán don BHLIAIN	312,081	561,660
Cúlchistí Ioncaim Tosaigh	12,778,996	12,217,336
Coigeartú na Bliana Roimhe Sin	-	
Cúlchiste Ioncaim Deiridh	13,091,076	12,778,997

Ráiteas ar an Staid Airgeadais	2017	2016
Sócmhainní Seasta	8,180,879,742	8,139,648,636
Obair idir Lámha	73,720,338	57,851,591
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	148,199,365	142,218,123

Sócmhainní Reatha

Stoc	620,382	600,312
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	80,229,439	59,242,109
Infheistíochtaí Bainc	155,326,526	163,671,522
Airgead Tirim sa Bhanc	1,238,536	7,869,936
Airgead faoi bhealach	52,672	52,671
Iomlán na Sócmhainní Reatha	237,467,556	231,436,550

Dliteanais Reatha

Rótharraingtí Bainc	-	-
Creidiúnaithe & Fabhrú	112,222,846	119,902,288



Glansócmhainní Reatha	125,244,710	111,534,263
Dlíteanais Fhadtéarmacha		
Iasachtaí Iníoctha	370,842,647	392,676,370
Éarlaisí Inaisíoctha	15,640,676	12,149,535
Eile	6,199,881	2,308,234
	392,683,204	407,134,138
Glansócmhainní	<u>8,135,360,951</u>	<u>8,044,118,474</u>

Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe

Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe
Tá ról ríthábhachtach ag na Ceantair Bhardasacha maidir le soláthar seirbhísí ar fud an Chontae, agus maidir le bearta Forbartha Tuaithe a chur i bhfeidhm chun cáilíocht saoil agus folláine gheilleagrach mhuintir na gceantar tuaithe a fheabhsú. Tá siad tiomanta chun naisc láidre a chruthú leis na pobail a bhfreastalaíonn siad orthu. Cuirfear seo i gcrích ar bhunús an Leithdháilte Bhardasaigh Ghinearálta, an Chiste Forbartha Bailte agus scéimeanna náisiúnta maoinithe éagsúla.

Tacaíocht Phobail

Tugadh os cionn €1.7 milliún do 596 Grúpa Pobail agus Spóirt sna 8 gCeantar Bardasacha faoin Deontas Taitneamhachta, faoin Deontas Caipitil agus faoi Scéimeanna Conartha Pobail. D'éirigh go han-mhaith le Grúpaí Bailte Slachtmhara sna 8 gCeantar Bardasacha, agus ghnóthaigh Bailte Slachtmhara Bhaile an Chollaigh, Bailte Slachtmhara Charraig Uí Leighin agus Bailte Slachtmhara Chóibh bonn óir i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara 2017. Reáchtáil gach Ceantar Bardasach fáiltiú sibhialta chun aitheantas a thabhairt do na grúpaí as an obair a rinne siad ina gceantair féin. Go luath in 2017, eagraíodh sraith seisiún eolais tráthnóna den chéad uair, a chuimsigh cuir i láthair ó mholtóirí reatha de chuid Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Ba é aidhm na seisiún eolais sin ná léargas a thabhairt do ghrúpaí ar an bpróiseas iarratais/moltóireachta; d'éirigh go geal leo agus d'fhreastail slua mór orthu i ngach ionad.

An Ciste Forbartha Bailte

Bhí gar do €1 milliún sa Chiste Forbartha Bailte in 2017, agus chinntigh seo feabhsú leanúnach limistéar lár baile agus soláthar tacaíochta le haghaidh tionscnaimh forbartha

áitiúla trí fheabhsuithe ar an réimse poiblí, tacaíocht do struchtúir ghnó/chomhpháirtíochta, tacú le féilte áitiúla, Clár Ealaíne na Comhairle, Scéimeanna Péintéireachta agus fáil réidh le dearóilíú. In 2017, seoladh an Scéim nua Péintéireacht Sráid-Dreacha, Comharthaíochta agus Feabhsaithe, agus tarraingíodh aird an phobail go mór air seo mar thoradh ar an gcur chuige comhoibríoch a ghlac na Ceantair Bhardasacha i gcomhar le Grúpaí Bailte Slachtmhara agus grúpaí pobail. Rinne an t-ocht gCeantar Bardasacha 233 iarratas san iomlán a phróiseáil faoin Scéim Péintéireachta, agus íocadh iomlán €204,957 le hiarratasóirí.





Léaráid 1-O'Meara Solrs, Plás an Bhainc, Mala, roimh agus i ndiaidh Scéim Péintéireachta Cheantar Bardasach Cheann Toirc Mhala



Léaráid 2-Sherry Fitzgerald O'Donovan, an tSráid Mhór, Mala, roimh agus i ndiaidh maoiniú a fháil ó Scéim Péintéireachta Cheantar Bardasach Cheann Toirc Mhala

Staidreamh le haghaidh 2017:

Láithreáin tréigthe a ndearna monatóireacht orthu	235
Suímh ar baineadh an dearóiliú díobh	18
Páirceanna Carbhán Ceadúnaithe	26
Carranna Tréigthe a Próiseáladh	200
Próiseáil iocáíochtaí fineálacha páirceála - luach	€400,000
Teach Mhíchíl Uí Choileáin - Cuairteoirí	10,000
Ionad Oidhreachta, an Sciobairín - Cuairteoirí	15,175



Forbairtí Eile:

Baile an Chollaigh Carraig Uí Leighin

I gcás réimse leathan oibríochtaí, fuarthas maoiniú lena n-aghaidh ón Scéim Deontas Caithimh Aimsire agus ó Cheantar Bardasach Bhaile an Chollaigh Charraig Uí Leighin, i gcuid mhaith suíomh, lenar áiríodh an Pháirc Réigiúnach, Baile an Chollaigh, Dúglas, an Pasáiste agus Carraig Uí Leighin. Cuimsíodh leis na hoibreacha seo tuilleadh conairí tuaithe, tírdhreachú i bpáirceanna éagsúla agus Córas Dreasa Traenála nua ag Cé Harty. Is é seo an chéad Chóras Dreasa Traenála ar leith den chineál seo a shuiteálfar i gContae Chorcaí, agus táthar ag súil go seolfar iad i suímh chúig eile amháil na Glasbhealaí atá á bhforbairt sa chontae. Ba mhór ag an gCeantar



Bardasach fáiltiú sibhialta a óstáil le haghaidh Chumann Pobail Dhúghlais tar éis dóibh gradam a ghnóthú ina gcatagóir i nGradaim 'Pride of Place' 2016, agus le haghaidh grúpaí Bailte Slachtmhara Bhaile an Chollaigh agus Charraig Uí Leighin chun aitheantas a thabhairt dóibh as a n-oibreacha leantacha agus as a mBoinn Óir ag Gradaim Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Lean an Ceantar Bardasach de thacú le paráidí Lá Fhéile Pádraig i roinnt mhaith de bhailte, agus de thacú freisin le huasghrádú agus ceannach soilsithe nua féile.



Léaráid 3-Conair Nua, Páirc Réigiúnach Bhaile an Chollaigh

Droichead na Bandan Cionn tSáile

Rinneadh Bailte Aoisbhá de Dhroichead na Bandan agus Chionn tSáile in 2017, agus tugadh isteach Spásanna Páirceála Aoisbhá san dá bhaile sin. Ba é samhradh 2017 an chéad uair a bhí Stáisiún Garda Tarrthála, agus foireann ann, i dTrá Bhaile Mhontáin. Rinneadh athchóiriú suntasach réimse phoiblí ag Plás Fhionnbharra, Droichead na Bandan. D'oibrigh an Ceantar Bardasach go dlúth leis an Institiúid Allin is le Músaem Dhroichead na Bandan agus Chionn tSáile, agus fuair siad maoiniú ó Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2017 le haghaidh an dá thionscadal.

An Bhlárna Maigh Chromtha

Thacaigh an Ceantar le lear mór Paráidí Lá Fhéile Pádraig ar fud Cheantar na Blarnan Mhaigh Chromtha. Bhí an fhéile sheanbhunaithe, Féile Bia Mhaigh Chromtha, ar siúl arís i Meán Fómhair 2017, agus thacaigh an Ceantar Bardasach léi. Tá baint ag an gCeantar Bardasach freisin le hathnuachan Amharclann Bhearna na Sceiche, agus lean siad de thacú leis an amharclann le linn na bliana. D'oibrigh Ceantar Bardasach na Blarnan Mhaigh Chromtha go dlúth le Bailte Slachtmhara Mhaigh Chromtha, a ghnóthaigh bonn airgid ina gcatagóir, agus le Bailte Slachtmhara Chill na Martra, a ghnóthaigh gradam Dianiarachta ag Gradaim Náisiúnta na mBailte Slachtmhara 2017.

Oirthear Chorcaí

D'oibrigh Ceantar Bardasach Oirthear Chorcaí go dlúth le gnóthais áitiúla agus leis an nGarda Síochána chun córas TCI pobail a shuiteáil le haghaidh cosc agus brath coireanna. Trí Choiste Bhailte Slachtmhara Dhroichead na Scuab, sholáthair an Scéim Athnuachana Sráidbhailte maoiniú deontais le haghaidh siúlán pobail. D'oibrigh an Ceantar Bardasach le Comhairle Ceantair Chluain chun carrchlós pobail a fhorbairt, lenar áiríodh tírdhreachú agus comharthaíocht nua i sráidbhaile Chluain. I Meitheamh 2017, d'fháiltigh an Ceantar Bardasach roimh thoscaireacht ó Náisiún Choctaw Oklahoma, arna stiúradh ag Chief Gary Batton, chun 170 bliain a chomóradh ón Tabhartas Choctaw a bronnadh le linn an Ghorta Mhóir.



Léaráid 4-Toscaireacht Náisiún Choctaw Oklahoma - Ceantar Bardasach Oirthear Chorcaí

Ceantar Bardasach Chóibh

D'oibrigh an Ceantar Bardasach i gcomhar le Cumann Pobail an Ghleanntáin, Birdwatch Ireland agus an Ionad Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chun an Tearmann Éan ag Oileán an Harpúraigh a fhorbairt, a osclaíodh go



hoifigiúil i Nollaig. Is é an tearmann ba chúis, suas go pointe, leis an nGradam Réigiúnach a ghnóthaigh an Gleanntán i gComórtas na mBailte Slachtmhara. Fuair Coiste Bhailte Slachtmhara an Ghleanntáin maoiniú ón gCeantar Bardasach freisin don bhliain dheireanach dá chlár díothaithe trí bliana maidir le glúineach bhiorach. Shínigh an Ceantar Bardasach conarthaí i Nollaig chun an clós súgartha seanbhunaithe i gCóbh a shíneadh agus a uasghrádú; ba chomhfhiontar é seo le coiste tiomsaithe airgid áitiúil i gCóbh. Thacaigh an Ceantar Bardasach freisin le roinnt mhaith oícheanta gradam gnó i nGleann Maghair agus i gCarraig Thuathail araon, i gcomhpháirt leis na cumainn ghnó san dá bhaile. Lena hais sin, bhí baint ag an gCeantar Bardasach le tionscadal i nGleann an Phréacháin, a bhfuair an Chomhairle Pobail maoiniú lena aghaidh faoin Scéim Feabhsaithe Sráidbhailte chun réimse poiblí an tsráidbhaile a uasghrádú.

Ceantar Bardasach Mhainistir Fhear Maí

D'oibrigh Ceantar Bardasach Mhainistir Fhear Maí i gcomhpháirt leis an nGarda Síochána agus gnóthais áitiúla chun méadú ar an gcóras TCI i mBaile Fhear Maí a éascú chun go gcuimseodh sé Sráid Phádraig, Sráid Mhic Curtáin agus Bóthar Chorcaí, mar aon le suiteáil córas TCI nua le haghaidh na Rátha. Rinneadh dul chun cinn ar dhearaí i gcomhair athchóiriú Pháirc Baile na Rátha, agus beidh na hoibreacha seo fós idir lámha in 2018. Thacaigh an Ceantar Bardasach arís le hoifig Turasóireachta Fhear Maí, i gcomhar le Bord Fiontair Fhear Maí, agus d'éascaigh sé uasghrádú freisin ar na soilsí Nollag sa Ráth agus i mBaile Mhistéala araon.

Ceantar Bardasach Cheann Toirc Mhala

Bhí áthas an domhain ar Cheantar Bardasach Cheann Toirc Mhala nuair a bhuaigh siad an gradam Irise Eanála Poiblí le haghaidh Seirbhísí don Phobal mar thoradh ar imeachtaí i gCaisleán Mhala, agus rinneadh iad a ainmniú freisin i nDámhachtainí Chambers “Feabhas sa Rialtas Áitiúil” le haghaidh an Tionscadail “Living Space” (Spás Cónaithe) i Mala, lenar áiríodh an chéad seó amharclannaíochta lasmuigh ar thalamh Chaisleán Mhala. Bhí forbairt siúláin ag an mBóthar Buí beagnach tugtha chun críche in 2017, chomh maith le dul chun cinn suntasach ar shiúlán Pháirc Bhaile Mhala/Abhainn an Chaisleáin i gcomhar le Avondhu Blackwater. D'éirigh leis an gCeantar Bardasach maoiniú a fháil chun pointe tús siúlóide a fhorbairt don ghormbhealach i Sráid an Mhuillinn.

Ceantar Bardasach Iarthar Chorcaí

Bhí ról lárnach ag Ceantar Bardasach Iarthar Chorcaí maidir le hoibreacha réimse phoiblí a thabhairt chun críche ag Cearnóg Wolfe Tone i mBeantraí, lenar áiríodh suíocháin agus soilsí nua. Cuireadh athdhromchlú bóthair i bhfeidhm ag Sráid Liam i mBeantraí, agus cuimsíodh leis na hoibreacha seo cosán nua a chur in áit an tseanchosáin, agus feabhsuithe ar an bplás lasmuigh d'Oifig an Phoist. Ba dhíol bróid don Cheantar Bardasach baint a bheith acu le hoscailt Linn Snámha Dhún Mánmaí, rud a raibh an pobal ag súil go mór leis, agus ba I Meitheamh 2017 a osclaíodh an Linn Snámha go hoifigiúil. Tugadh maoiniú do roinnt mhaith tionscadal faoi Scéim Bailte agus Sráidbhailte 2017, lenar áiríodh forbairt glabhealaigh ag Loch Ghalláin i gCloich na Coillte, suiteáil dhealbh Maureen O'Hara sa Ghleann Garbh, athchóiriú Shráid an Ghairdín i mBaile Chaisleáin Bhéarra, suiteáil deilbhe in ómós Sean Hurley agus tionscadal pláis ag Draighneach. Faoin Scéim Feabhsaithe Sráidbhailte, thacaigh an Ceantar Bardasach le Cumann Forbartha Dhrom Dhá Liag, agus cuireadh neart tionscadal i bhfeidhm chun an sráidbhaile a fheabhsú. Rinneadh athchóiriú suntasach ar chlóis súgartha i dTigh Molaige, Cúirt Mhic Sheáfraidh, Béal an Dá Chab agus an Scoil.





Léaráid 5 – Linn Snámha Dhún Mánmhaí

SEIRBHÍS LEABHARLAINNE & EALAÍÓN

Is mian le Leabharlann Chontae Chorcaí pobail a chumasú, agus chuige seo, acmhainní a sholáthar dá saoránaigh a chuirfidh oideachas orthu, a thabharfaidh eolas dóibh agus a shaibhroidh iad, agus chun seo a bhaint amach, cuirfidh an Leabharlann litearthacht agus grá don léitheoireacht chun cinn agus tacóidh sí leo; anuas air sin, beifear ag bailiú agus ag caomhnú acmhainní a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha Chontae Chorcaí. Cuireadh neart i bhfeidhm in 2017 chun na spriocanna thuas a bhaint amach, lenar áiríodh seoladh Leabharlann Taistil nua Iarthar Chorcaí, cur i bhfeidhm an Chórais Bainistithe Leabharlainne náisiúnta agus lainseáil leabharlainne nua staidéir áitiúil.

Staidreamh le haghaidh 2017:

Fadhbanna	1,774,652
Iarratais ar déileáladh leo	70,381
Ballraíocht	61,749
Cuairteoirí	1,639,375
Seisiúin Idirlín, lena n-áirítear Wi-Fi	106,198
Imeachtaí a eagraíodh	3,960
Líon na ndaoine a d'fhreastail ar imeachtaí	72,438

Seoladh Leabharlann Taistil Iarthar Chorcaí

Ba é buaicphointe na bliana ná seoladh leabharlann taistil nua le haghaidh Iarthar Chorcaí, ar an Aoine 1 Meán Fómhair san Ostán Parkway, Dún Mánmhaí, imeacht a bhí go mór i mbéal an phobail sna meáin i rith na seachtainí dár gcionn. Cuireadh an Leabharlann nua in ionad na sean-fheithlice aitheanta, a bhí 14 bhliain d'aois, agus a thug cuairt ar gach ceantar in Iarthar tuaithe Chorcaí nach mór, tráth éigin i gcaitheamh na mblianta, chun a chinntiú go gcaomhnófaí an tseirbhís luachmhar chuimsitheach seo ar son mhuintir Iarthar Chorcaí, ó na háiteanna is iargúlta thiar ar leithinis Bhéarra go dtí Ceann Dhún dTéide thoir. An dearadh grafach a úsáideadh don

leabharlann taistil nua, chuimsigh sé obair ealaíne bhaill na leabharlainne a bhuaigh comórtas a eagraíodh níos luaithe sa bhliain. D'fhreastail na daoine a bhuaigh an comórtas agus a muintir ar an seoladh. Ba chuideachta Éireannach a thóg an Leabharlann, Cahill Truck Bodies, ó Ghráig na Manach, Co. Chill Chainnigh.



Léaráid 5 – Seoladh Leabharlann Taistil Iarthar Chorcaí

Athchur ardaitheoir Leabharlann Chóibh

Rinneadh ardaitheoir nua a chur in áit an tseanchinn i Leabharlann Chóibh i ráithe dheireanach na bliana, agus is Céim 3 é seo d'athchóiriú Leabharlann Chóibh. Comhlíonann an t-ardaitheoir Cuid M, agus leis seo, tá nuachóiriú na slí isteach chuig an leabharlann tugtha chun críche, rud a chiallaíonn gur spás tarraingteach inrochtaine anois é an leabharlann don phobal i gcoitinne.

Córas Bainistithe Leabharlainne Náisiúnta (LMS)

I mí an Mhárta, d'éirigh leis an leabharlann a LMS seanbhunaithe a aistriú chuig an LMS náisiúnta nua; ba mhór an dúshlán é seo, agus chuimsigh sé réimse athruithe leanúnacha maidir le beartais agus nósanna imeachta, a raibh tionchar cultúrtha mór acu ar an gcaoi a bhfeidhmítear an tseirbhís. Tá ardmholadh tuillte ag foireann na leabharlainne ag gach leibhéal as a dtiomantas agus a gcomhoibriú le linn an aistriú agus sa tréimhse ó shin. Go bunúsach, tá aon chatalóg náisiúnta amháin cruthaithe ag an LMS nua, agus cuireadh seo ar chumas bhaill na leabharlainne, leabhair a iarraidh nó a fháil ar iasacht ó aon leabharlann sa tír. Tá teorainneacha nua iasachta i bhfeidhm freisin, mar aon le tréimhsí iasachta níos faide.

Clár Chultúir agus Phobail

Le linn 2017, chuir an leabharlann réimse clár cultúrtha agus pobail ar siúl i bpáirt le himeachtaí ceiliúrtha náisiúnta ná áitiúla. Ar na féilte a eagraíodh, bhí Bealtaine, an tSeachtain Oidhreachta, Féile Leabharlainne Iarthar Chorcaí, Scéim Léitheoireachta an tSamhraidh, Féile Leabhar na bPáistí, Lá Náisiúnta na Filíochta, Seachtain na Gaeilge, an Oíche Chultúir, Seachtain na hEolaíochta, Lá Idimáisiúnta na mBan agus Féile Ealaíon an tSamhraidh. Leanadh den



Chlár Scríbhneora Chónaithe in 2017, agus mar chuid de seo, d'éascaigh an t-údar Denyse Woods grúpaí scríbhneoirí sa leabharlann; anuas air sin, d'eagraigh foireann na leabharlainne cláir nua imeachtaí a bhí ar siúl ag an am céanna le comhdháil na hOllscoile Spáis Idirnáisiúnta in CIT agus a chomóir seoladh chlár Éireann Ildánaí an Rialtais. Le linn na ráithe deireanaí, forbraíodh dhá thionscnamh thábhachtacha nua, Éire Shláintiúil agus Leabharlanna Aoisbhá, a ndéanfar tuilleadh oibre orthu in 2018.

Samhradh an Spáis

I gcomhar le Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, an Ollscoil Spáis Idirnáisiúnta agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, sheol Méara an Chontae, an Comhairleoir Seamus McGrath, *Summer of Space* (Samhradh an Spáis), tionscnamh de chuid Réadlann Chaisleán na Dúcharraige ag Ceanncheathrú Leabharlann Chontae Chorcaí ar an gCéadaoin 31 Bealtaine. Le tacaíocht ó Chiste um Fhorbairt Gheilleagrach Chomhairle Contae Chorcaí, ba phríomhpháirtí é Leabharlann Chontae Chorcaí in *Summer of Space*, agus bhí clár iontach suimiúil á thairiscint acu, a thiomsaigh siad i gcomhar le Réadlann Chaisleán na Dúcharraige i leabharlanna brainse agus leabharlanna taistil ar fud an chontae, lena áiríodh réimse leathan ceardlanna, cainteanna agus eispéiris foghlama do chách, idir óg agus aosta.

Éire Ildánach

Bhí ról lárnach ag an Leabharlann i seoladh chlár Éireann Ildánaí i gContae Chorcaí, ós rud é go bhfuil Leabharlannaí Gníomhach agus Oifigeach Ealaíon an Chontae araon ina mbaill d'fhoireann cultúir na Comhairle. D'éirigh go maith le cur i bhfeidhm chlár leabharlainne 2017, agus tá tús á chur anois le hobair ar phlean cúig bliana. Eagraíodh comhairliúcháin phoiblí don phlean cúig bliana i leabharlanna i ngach Ceantar Bardasach ag deireadh Dheireadh Fómhair/tús na Samhna.



Staidéar Áitiúil Chorcaí

Le linn na Seachtaine Oidhreachta, sheol an tseirbhís leabharlaine leabharlann dhigiteach nua staidéir áitiúil, www.corklocalstudies.ie. Tá obair leanúnach idir lámha i Leabharlann Chontae Chorcaí ar dhigitiú ábhair shuimiúil ón mbailiúchán Staidéir Áitiúil, atá uathúil ná a bhfuil tábhacht ag baint leis; tá an stór ar líne seo de mhíreanna digiteacha innéacsaithe go hiomlán, agus is féidir é a nascleanúint agus a chuardach go héasca. Áirítear leis na bailiúcháin, grianghraif, mapaí, miontuairiscí, paimfléid, leabhair, póstaer, bróisiúir agus míreanna eile nach iad. Faoi láthair, tá breis is 2,200 mír dhigiteacha ann, agus tiocfaidh fás air seo de réir mar a chuirtear tuilleadh míreanna leis na bailiúcháin. Samplaí díobh ná leabhair mhiontuairisce ó Chomhairle Baile Dhroichead na Bandan agus mapaí baile de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann (OSI) ón 19ú haois, chomh maith le cóipeanna digiteacha de roinnt bheag bailiúchán tábhachtach a raibh úinéirí príobháideacha acu.

Scéim Deontais Ealaíon

In 2017, cuireadh maoiniú ar fáil tríd an Scéim Deontais Ealaíon do 145 tionscadal arna moladh ag ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon, agus caitheadh suim €155,000.

- Bhí an maoiniú sin ina thacaíocht le rannpháirtíocht 1,415 oibrí deonacha i ngníomhaíocht chultúrtha laistigh de phobail.
- Chuir ár maoiniú ar chumas breis is 18,962 duine a bheith rannpháirteach go gníomhach sna healaíona, agus áiríodh leis seo seanóirí, daoine óga agus daoine le riachtanais speisialta
- Chuireamar ar chumas eagraíochtaí agus ealaíontóirí freastal ar lucht éisteachta ná féachana de 169,356. Áiríodh leis seo pobail áitiúla agus daoine ar cuairt chuig an gcontae.
- Sholáthraíomar 815 deis oibre d'ealaíontóirí.
- Páirteach i gcaiteachas iomlán breis is €900,000 trí chéile ar na healaíona, a rinne na heagraíochtaí ar tugadh maoiniú dóibh, agus caitheadh an chuid is mó den tsuim sin sa Chontae.
- Mheas an 37 Féile Ealaíon a fuair maoiniú tríd an scéim gur bh ionann an tairbhe gheilleagrach a bhain lena gcuid gníomhaíochtaí agus os cionn €3.23M

Scéim Pobal Cruthaitheach na gCeantar Bardasach

Ceapadh Scéim Pobal Cruthaitheach na gCeantar Bardasach chun tacú le tionscnaimh nua forbarthacha sna healaíona i ngach ceann de na Ceantair Bhardasacha. Bhí ar iarratasóirí Comhpháirtíochtaí Cruthaitheacha Áitiúla a shainnithint ná a bhunú chun tabhairt faoi thionscadail, agus fuair 14 thionscadal maoiniú tríd an scéim seo in 2017.

SPC na nEalaíon, an Chultúir agus na dTeangacha

I measc na gceisteanna a phléigh SPC na nEalaíon, an Chultúir agus na dTeangacha in 2017, bhí na cinn seo a leanas:

- Beartas chun tacú le leibhéal níos airde gníomhaíochta ealaíon trí mheán na Gaeilge
- Beartas chun tacú le deiseanna idirnáisiúnta le haghaidh ealaíontóirí atá lonnaithe sa chontae
- Rannpháirtíocht in ullmhúchán Scannánaíochta Poiblí i dtaca leis an Scéim Teanga i gCorcaigh.
- Straitéis Éireann Ildánach 2017 do Chontae Chorcaí

An Oíche Chultúir

Is ceiliúradh náisiúnta na nEalaíon í an Oíche Chultúir, agus bhí sé ar siúl ar an Aoine, 22 Meán Fómhair. Is í an tSeirbhís Ealaíon atá freagrach as imeachtaí na hOíche Cultúir a chomhordú agus a chur chun cinn i gContae Chorcaí, thar ceann na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Chun é seo a bhaint amach, d'oibrigh an tSeirbhís go dlúth le heagraíochtaí ealaíon, comhlachtaí pobail agus ealaíontóirí áitiúla chun líon na n-imeachtaí a mhéadú, ionas go mbeadh Oíche Chultúir 2017 ar an oíche is rathúla a bhí ann riamh.

Staidreamh 2017 maidir leis an Oíche Chultúir:

Líon iomlán na n-imeachtaí	136
Líon iomlán na suíomh	41
Líon iomlán na n-ionad	93
Líon iomlán na ngrúpaí ná ealaíontóirí aonair a bhí páirteach	173
Líon iomlán na ndaoine a bhí i láthair	7,239

Amharcealaíona

- Bhí obair cúigear amharcealaíontóirí tábhachtacha atá ag obair sa chontae le feiceáil ag taispeántas i bhFoirgneamh Cuimhneacháin James O'Neill i gCionn tSáile; Charles Tyrell, Vivienne Roche, Katherine Boucher Beug, Stefan Syrowatka agus Sarah O'Flaherty.
- Reáchtáladh Imeacht Tí / Ceardaíocht agus Dearadh Chorcaí a raibh meascán de dhéantóirí cruthaithe agus déantóirí atá ag teacht chun cinn páirteach ann, agus iad ag plé le riachtanais fónaíochta an teaghlaigh.
- Sa Ghailearaí LHQ, bhí taispeántais amhail MACHINES, gearrscannán de chuid fhísealaíontóir David Bickley, agus taispeántas grúpa i nDeireadh Fómhair 2017 de chuid Cork Comic Creators, inar díríodh ar obair deichniúr ealaíontóirí greannáin ata gníomhach i ndomhan greannáin Chorcaí, domhan a bhfuil borradh mór faoi i láthair na huaire.

Cónaitheachtaí Ealaíontóirí

- Chuir ealaíontóir, Tom Weld, cónaitheacht bliana de in Ospis Marymount in éineacht le húsáideoirí sheirbhís faoisimh na hOspise faoin téama Laochra. Na healaíona ag deireadh an tsaol:
- Thosaigh Denyse Woods ina ról mar Ealaíontóir Cónaithe sna Leabharlanna 2017 ag tús na bliana sin, agus d'oibrigh sí i gcomhar le scríbhneoirí agus grúpaí scríbhneoirí in 5 leabharlann bhrainse



An Clár Ealaíon Leabharlainne

Cuireadh na bearta seo a leanas i gcrích in 2017:

- Comhpháirtíocht Read-On, atá ina cuid de chlár arna mhaoiniú ag an AE a dhírionn ar thionscnaimh nua chun tacú le nósanna léitheoireachta, i measc déagóirí fir go háirithe. Chuir an maoiniú ar ár gcumas, tús áite a thabhairt do réimse nua gníomhaíochta trí chomhpháirtíocht nua le Cork Comic Creators, ionas go rabhamar in ann clár ceardlanna/imeachtaí a fhorbairt a bhí dírithe ar léitheoirí sna déaga a bhfuil suim acu in úrscéalta grinn agus grafacha.
- In 2017, eisíodh an 13ú eagrán d'fhoilseachán gearrscéalta bliantúil Sheirbhís Leabharlainne agus Ealaíon na Comhairle. Cuimsítear sa bhailiúchán seo, dar teideal *Smoke in the Rain*, fiche scéal nár foilsíodh riamh, arna roghnú ag Billy O'Callaghan, Eimear Ryan agus Claire Kilroy.

Na Taibhealaíona

Ba bhliain ghníomhach í 2017 dár n-obair tacaíochta do na taibhealaíona go háirithe

- Is tionscnamh nua é Blackwater Fit up Theatre Festival (Féile Amharclannaíochta Feistithe na Dubhabhann) i gcomhpháirt leis an gcuideachta amharclannaíochta Blood in the Alley, atá ceaptha amharclannaíocht phroifisiúnta a chur ar fáil i gceantair thuaithe Chorcaí Thuaidh agus Thoir. Mar thoradh air seo, cuireadh cúig léiriú ar siúl ocht n-uaire déag i seacht n-ionad, lenar áiríodh Eochail, Séipéal na Carraige, Drom Tairbh, Mala, Cnocán na Biolraí, an Ráth agus Mainistir Fhear Maí.
- Bhí Féile Amharclannaíochta Feistithe Iarthar Chorcaí ar siúl ón 18 Iúil – 13 Lúnasa in Inis Uí Drisceoil, san Oileán Mór, in Inis Arcáin, i bhFaoidé, i gCill Chrocháin, sa Ghóilín, sa Ghleann Garbh, i dTigh Molaige agus i mBéal an Dá Chab. Tacaíodh le 26 taibhiú de cheithre léiriú difriúla, agus bhí na hionaid uile lán go doras. Le cabhair ón tionscadal seo, cuireadh dráma nua, Sharon, i láthair le scríbhneoir Katie Holly, atá lonnaithe sa Ráth
- Thacaigh an tSeirbhís Ealaíon le seó aonair an aisteora Jack Healy dar teideal The Tayman, i gcamchuairt ar ionaid amharclannaíochta agus pobail sa chontae

Ceol

Tacaíodh le réimse leathan imeachtaí ceoil, lenar áiríodh:

- Ceol arna léiriú ag an Irish Guitar Quartet, atá lonnaithe i gCorcaigh, ag Féilte Ealaíon ar leith sa Chontae
- Dhá léiriú le pianódóir Seiceach Meiriceánach, Ivan Illych,

- Sraith ceolchoirmeacha le linn na seachtaine oidhreacht, ina raibh speisialtóirí sa cheol barócach, Marja Gaynor, Catriona O'Mahony agus Eimear Reidy páirteach, a bhí ar siúl i bhfoirgnimh stairiúla amhail an tIonad Sirius i gCóbh, Ionad Ealaíon an Mheal in Eochail, Daingean Rinn Chorráin agus Caisleán Iarla Dheasumhan i gCionn tSáile, Áras Fota agus Greywood Arts i gCill la.
- Thacaigh CCC le healaíontóirí Siun Milne, veidhleadóir, Cian Ó Dubhghaill, violadóir, Gabriela Meyer, pianódóir, agus Aisteoir Ceoltóir Chris Schmidt Martin, chun píosa nua ceolamharclannaíochta a fhorbairt agus é bunaithe ar an gcaidreamh idir Robert agus Clara Schumann agus Johannes Brahms.

Damhsa

- Rinneadh tuilleadh forbartha ar ghníomhaíocht damhsa in Iarthar Chorcaí mar thoradh ar thacaíocht na Comhairle leis an West Cork Dance Residency, atá suite san ionad damhsa nua in Uilinn, Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí.

Na hEalaíona sa tSláinte

Lean Comhairle Contae Chorcaí dá rannpháirtíocht sa chlár Ealaíon sa tSláinte Iarthar Chorcaí, i gcomhpháirt le Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí, Bord Oideachais agus Oilíúna (ETB) Chorcaí agus FSS Theas. I Samhain 2017, sheol an tAire Sláinte le freagracht as Daoine Scothaosta agus Meabhairshláinte, Jim Daly TD, straitéis nua Iarthar Chorcaí maidir leis na hEalaíona sa tSláinte. Ar bhunús na straitéise seo agus trí thacú leis an gcomhpháirtíocht, leanfaidh Comhairle Contae Chorcaí dá cuid oibre maidir le comhpháirtithe a stiúradh chun clár gníomhaíochta cruthaithí a sholáthar in aon cheantar tuaithe déag atá scaipthe go forleathan, a n-áirítear leo an cúig Ospidéal Pobail, Ospidéal Bheanntaí agus cúig ionad cúraim lae.

Ealaíontóir san Oideachas

Áiríodh le tionscadail 2017

- Cumadóir sa seomra ranga, le hamhránaithe Paul Linehan (Frank & Walters) agus Fergal O'Connor, a rinne cónaitheachtaí i Scoil Gramadaí Dhroichead na Bandan agus Ardscoil Mhuire Mhainistir na Corann, agus le Sam Barker agus Fergal O'Connor, a chuir tús le cónaitheachtaí i Mainistir na Corann agus Coláiste Davis i Mala
- Mar chuid dár gclár ceoil i scoileanna, 'Tuning Up', eagraíodh 40 ceardlann scoile le Ceathairéad Giotáir Éireannach, Ensemble Daghdha, an Ortus Trio agus cnagcheoltóirí Alex Petcu is Catherine Frost.
- Bhí baint ag dhá scoil déag leis an tionscadal Sorcais Theatrix i scoileanna.
- Rinne an ensemble luathcheoil Liliburlero Trio, atá lonnaithe i gCorcaigh, ceardlanna do scoileanna



in Ionad Ealaíon an Mheall, Eochail agus san Ionad Ealaíon Sirius i gCóbh i mí Dheireadh Fómhair

- Chruthaigh Cyclone Repertory Co. seó nua Amharclannaíochta san Oideachas Sláinte dar teideal 'Choices' (Roghanna) agus tugadh maoiniú dóibh chun camchuairt phiolótach a dhéanamh i gcomhar le Tascfhórsa Drugaí Réigiún an Oirthir agus an Iarthair.

Ealaíona na nÓg

- An réimse is mó inar forbraíodh ár gclár ealaíon na n-óg in 2017 ná gur leathnaíomar an clár Scannánóirí Óga Chorcaí, agus i gcaitheamh na bliana, thug na scannánóirí faoi chlár píolótach ceardlanna i mBaile Mhistéala, Maigh Chromtha, Baile an Chollaigh agus Baile Chaisleáin Bhéarra.
- Lean CCC de thacú le Féile Scannán na nÓg 'First Cut' trí mhaoiniú agus tacaíocht de chineálacha eile. Ba é 2017 an bhliain is rathúla a bhí ag an bhFéile riamh, agus bhí léirithe ann ó aoi-ealaíontóirí Peter Foot (Young Offenders), Dave Pedley (Aardman) agus Brendan Canty.
- Tá Comhairle Contae Chorcaí ag obair i gcomhpháirt le hIonad Ealaíon Iarthar Chorcaí chun deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga a bheith rannpháirteach in amharclannaíocht don óige in iarthar an chontae.

Seirbhísí Corparáideacha

Cruinnithe

Tá an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha freagrach as riarachán chruinnithe Chomhairle Contae Chorcaí. In 2017, bhí 26 Chruinniú Comhairle iomlán ann, chomh maith le 10 gcruinniú den Choiste Forbartha, 11 chruinniú den Ghrúpa Beartais Chorporáidigh agus 6 Shainchruinniú den Ghrúpa Beartais Chorporáidigh.

Méara an Chontae

Mhair tréimhse oifige an Chomhairleora Séamus McGrath ó Mheitheamh 2016 go dtí Meitheamh 2017. Toghadh an Comhairleoir Declan Hurley ina Mhéara Chontae Chorcaí i Meitheamh 2017.

Fáiltithe Cathartha

Rinneadh fáiltiú cathartha a óstáil in Eochail, an áit arb as do Laoch Spóirt Chorcaí, **Sinead Kane** ar an Satharn, 4 Feabhra, 2017. Ba í Sinead an chéad lúthchleasaí lagamhairc a chríochnaigh an Dúshlán Maratóin Domhanda, is é sin, seacht maratón i seacht n-ilchríoch laistigh de sheacht lá. Chun an dúshlán sin a shárú, d'imigh Sinead ón Antartach ar an 23 Eanáir, go dtí an tSile ar an 24 Eanáir, Miami ar an 25 Eanáir, Maidrid ar an 26 Eanáir, Marrakech ar an 27 Eanáir, agus Dubai ar an 28 Eanáir, áit ar roinn Sinead an chéad áit le lúthchleasaí eile, go dtí gur shroich sí an chríochlíne in Sydney ar an 29 Eanáir.



Reáchtáladh fáiltiú cathartha chun éachtaí **Chumann Peile Chathair Chorcaí** a aithint in 2017. Is iad FC Chathair Chorcaí an chéad bhuaiteoir dúbailte coim agus craoibhe i gCorcaigh le breis is 60 bliain, agus faoi láthair, tá sé thrófaí bainte amach acu, an Chraobh SSE Airtricity, an Corn FAI, Corn FAI na mBan, an Chraobh Náisiúnta U17, Corn Sinsir na Mumhan agus Corn an Uachtaráin.



Gearáin ó Chustaiméirí

In 2017, fuarthas 21 gearán ó chustaiméirí faoi Nósanna Imeachta um Ghearáin Chomhairle Contae Chorcaí. Thángthas ar réiteach sásúil maidir le gach ceann de na gearáin seo.

Saoráil Faisnéise

Bhí méadú suntasach arís ar líon na n-iarratas Saorála Faisnéise i rith na bliana. Pléadh le 199 iarratas Saorála Faisnéise in 2017. Ina measc seo, deonadh 92 iarratas, deonadh 55 suas go pointe, diúltaíodh do 44 iarratas agus tarraingíodh siar 4 díobh. Tugadh 4 iarratas ar aghaidh le go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh ina leith in 2018. Rinneadh 9 n-iarratas ar Athbheithniú Inmheánach agus i gcás 2 cheann díobh, rinneadh achomharc os comhair Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

Cosaint Sonraí

Cuireadh 8 n-iarratas Cosanta Sonraí faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí in 2017. Réitíodh na cásanna ar fad roimh dheireadh na bliana

Ombudsman

Chuir Oifig an Ombudsman 33 cás nua ar aghaidh chuig Comhairle Contae Chorcaí in 2017. Faoi dheireadh na bliana, bhí 16 díobh seo tugtha chun críche ag an Ombudsman agus bhí 17 fós á n-íniúchadh.

Oifig na Gaeilge.

Is é cuspóir Oifig na Gaeilge ná cinntiú go bhfuil ceanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 á gcomhlíonadh go hiomlán ag Comhairle Contae Chorcaí. Is é an cuspóir atá againn ná go mbeadh Comhairle Contae Chorcaí ina húdaráis a fháiltíonn agus a thacaíonn le ceart an phobail comhfhreagras a dhéanamh linn trí Ghaeilge. In 2017, bhí Oifig na Gaeilge sásta maoiniú agus tacaíocht a sholáthar le haghaidh imeachtaí a d'eagraigh an tSeirbhís Leabharlainne agus an Oifig Ealaíon faoi choinne Sheachtain na Gaeilge ar fud an Chontae. Anuas air sin, d'eagraigh Oifig na Gaeilge go leor imeachtaí eile don fhoireann agus don phobal i Halla an Chontae. Chomhoibrigh an tOifigeach Gaeilge, atá mar bhall d'Fhoireann Cultúir Chomhairle Contae Chorcaí, leis na hullmhúcháin le haghaidh Clár Éireann Ildánaí, atá á chomhordú ag Oifigeach Oidhreacht Chomhairle Contae Chorcaí. Lena hais sin, d'fhreastail an tOifigeach Gaeilge ar an gcéad chomhdháil bhliantúil in Eochail maidir le hÉirinn Ildánach Chontae Chorcaí i Samhain 2017, agus thug sé caint uaidh lena linn. Chuir Oifig na Gaeilge maoiniú ar fáil chun go mbeadh roinnt bhall den fhoireann in ann freastal ar Ranganna Gaeilge ag leibhéal éagsúla. In 2017, lean Comhairle Contae Chorcaí d'oibriú i gcomhpháirt le hoifig an Coimisinéara Teanga ar ghearáin ón bpobal maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla a réiteach

Coiste Iniúcháireachta agus

Iniúcháireacht Inmheánach

Tá 7 gcomhalta ar an gCoiste Iniúcháireachta. Tá 3 chomhairleoir ar an gCoiste agus 4 ionadaí eachtrach:

- Larry O Dwyer (Cathaoirleach)
- Eileen O Shea
- Ciaran Murphy
- Edel Clancy
- An Comhairleoir Mary Rose Desmond
- An Comhairleoir Declan Hurley
- An Comhairleoir Susan McCarthy

Tháinig an Coiste le chéile 7 n-uair i rith 2017. Chuir an Coiste a Phlean Gnó don bhliain 2017 i gcrích, arna fhaomhadh i dtús báire ag an gComhairle, agus ansin chuir sé a Thuarascáil Bliantúil maidir leis an bPlean faoi bhráid na Comhairle go luath in 2018. Mar chuid de chlár oibre an Choiste, tá clár iniúcháireachtaí ag an Iniúcháireacht Inmheánach a chuirtear i gcrích i rith na bliana agus a chuirtear faoi bhráid na Comhairle i gcaitheamh na gcruinnithe leanúnaigh a tharlaíonn i rith na bliana.

Fodhlíthe

Glacadh na Fodhlíthe seo a leanas in 2017:

1. Fodhlíthe um Luasteorainneacha Speisialta 2017 (Arna bhFaomhadh 22 Bealtaine, 2017)
2. Fodhlíthe um Luasteorainneacha Speisialta ar Bhóithre Náisiúnta 2017 (Arna bhFaomhadh 27 Samhain, 2017)

Naisc le limistéir Údaráis Áitiúil eile

In 2017, lean Comhairle Contae Chorcaí de chothú nasc agus teagmhálacha le limistéir údaráis áitiúil eile. Mar shampla, i Meitheamh 2017, rinne an Chomhairle Comhaontú Comhchontae le Contae Miami-Dade sna Stáit Aontaithe. Tá tairbhe suntasach ag na naisc seo ó thaobh teagmhálacha geilleagracha, sóisialta agus cultúrtha a dhéanamh le tíortha thar lear de, agus maidir le Corcaigh a chur chun cinn mar áit mhealltach chónaithe, infheistíochta agus turasoireachta.

An Chomhdháil Idirnáisiúnta um Dhearadh Seirbhísí

In 2017, d'óstáil Service rePublic, comhthionscnamh de chuid Chomhairle Contae Chorcaí agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, ollchomhdháil idirnáisiúnta maidir le Dearadh Seirbhísí, an chéad chomhdháil dá leithéid a eagraíodh in Éirinn riamh. Is éard is Dearadh Seirbhísí ann ná cur chuige dearadh-bhunaithe a chur chun cinn maidir le seirbhísí a chlaoslú, agus an aidhm atá aige ná seirbhísí níos fearr a fhorbairt trí obair i gcomhar le húsáideoirí seirbhísí chun a riachtanais a thuiscint. Tharraing ceannródaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ón réimse deartha agus nuála ar Chorcaigh chun beartais agus léargais i dtaca le dearadh seirbhísí a phlé i gcomhthéacs idirnáisiúnta, agus chun eiseamláirí dea-chleachtais um dhearadh seirbhísí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon a chur i láthair.



Aguisín 1 - Costais Chomhaltai 2017

Cineál	Méid
Íocaíochtaí Ionadaíocha	€900,957.08
Liúntas Míosuil	€503,924.95
Liúntas Chathaoirleach an Cheantair Bhardasaigh	€48,261.79
Liúntas Chathaoirleach SPC	€47,903.02
Liúntas an Mhéara agus an Leas Ceatharlaigh	€56,235.89
Taisteal, Oiliúint & Comhdhálacha	€139,809.13
Iomlán	€1,697,091.86

Aguisín 2 - Comhdhálacha ar ar Freastalaíodh in 2017

Dáta	Comhdháil	Láthair	Uimh.
Eanáir	An tAcht Airgeadais, 2015	Lú	3
	Glúineach Bhiorach - Feidhm an Údarais Áitiúil & an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta	Corcaigh	2
Feabhra	Teidlíochtaí agus faoiseamh cánacha na dToghthóirí	Corcaigh	1
	Comhdháil ar Lámha Slána	Corcaigh	2
Márta	Scéim Chothrom na Féinne	Lú	1
	Comhdháil Náisiúnta na mBailte Slachtmhara	Maigh Eo	3
	Pobail Iargúlta a Thógáil	Tiobraid Árann	1
	Cén tionchar a bheidh ag Breatimeacht Crua ar Éirinn	Lú	5
Meitheamh	Rialachas Corparáideach agus an Comhairleoir	Loch Garman	1
Iúil	Transport Ireland 2017	Baile Átha Cliath	1
	Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach / ODCE	Corcaigh	1
Meán Fómhair	Comhdháil Náisiúnta Turasóireachta	Ciarraí	3
Samhain	Tithíocht i nGéarchéim	Loch Garman	1
	Comhdháil Pleanála le Comhairlí Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Baile Átha Cliath	1
	Ag Atógáil Éireann- Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine	Lú	2
Nollaig	Seirbhísí Dócmhainneachta in Éirinn	Port Láirge	1

Aguisín 3 – Comhdhálacha Oiliúna a nDearnadh Freastail orthu in 2017

Dáta	Comhdháil	Láthair	Uimh.
Feabhra	Modúl Oiliúna a 1 AILG	Port Láirge	21
	Modúl Oiliúna a 1 AILG	An Cabhán	5
Aibreán	Comhdháil Pleanála Bliantúla	Maigh Eo	2
	AILG Comhdháil Bhliantúil	An Clár	26
	Seimineár Oiliúna an Earraigh LAMA	An Mhí	25
Bealtaine	Modúl Oiliúna a 2 AILG	An Clár	9
	Modúl Oiliúna a 2 AILG	Maigh Eo	15
Meitheamh	Modúl Oiliúna a 3 AILG	Cill Airne	20
	Modúl Oiliúna a 3 AILG	Dún Dealgan	9
Meán Fómhair	Modúl Oiliúna a 4 AILG	Corcaigh	12
	Modúl Oiliúna a 4 AILG	An Mhí	2
	Seimineár Oiliúna an Fómhair LAMA	Tiobraid Árann	22
	An 16ú Comhdháil Iargúlta Uisce Bliantúil	Maigh Eo	4
Deireadh Fómhair	Seimineár Oiliúna an Fómhair AILG	Sligeach	19
	Modúl Oiliúna a 5 AILG	Cill Chainnigh	13
	Modúl Oiliúna a 5 AILG	Liatroim	8
Samhain	Modúl Oiliúna a 6 AILG	Loch Garman	10
	Modúl Oiliúna a 6 AILG	Muineachán	1
	Modúl Oiliúna a 6 AILG	An Mhí	3



Aguisín 4 - Taisteal Eile 2017

Dáta	Imeacht	Láthair	Líon na ndaoine a d'fhreastail orthu
Eanáir	Cruinniú Boird Chomhar na nOileán	Gaillimh	1
Feabhra	Taispeántas Ellen Hutchins	Baile Átha Cliath	1
	Energy Cities	An Bhruiséil	1
	Gradaim LAMA	Baile Átha Cliath	1
	Cruinniú idir Cathaoirleach & Príomhoifigeach LCDC	Baile Átha Cliath	2
	LCDC Clann Credo	An Cabhán	2
	Comhairliúchán SICAP	Baile Átha Cliath	2
	Seó trádála IFE	Londain	1
Márta	Toscaireacht Trádála ar Lá Féile Pádraig	SAM	2
	Mórhaispeántas Bia - Seó trádála IFE	Londain	1
Aibreán	Comhdháil Pleanála Bliantúla an IPI	Maigh Eo	1
	Energy Cities	An Bhruiséil	1
	Turas Staidéir ar Chinn Scribe d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide	An Bhruiséil	1
	Árachas IPB	Baile Átha Cliath	1
	Maoiniú Ceannaireachta	Baile Átha Cliath	2
Bealtaine	Cruinniú Forbartha ar Chumas Cáilíochta an LCDC	Uíbh Fhailí	2
	Toscaireacht na nEarnálacha Eolaíochta & Leighis ar réigiún an Chorcaí a chur chun cinn	Bostún	1
	Imeacht Ceannaireachta	Baile Átha Cliath	2
Iúil	Cruinniú Réigiúnach an CCSGP	Luimneach	2
Lúnasa	Cruinniú Coiste ar an Scéim Mheasúnaithe ar Acmhainní Poiblí	Corcaigh	2
Meán Fómhair	Ceardlann Meastóireachta SICAP	Baile Átha Cliath	2
	Seoladh Fhondúireacht Chorcaí Pobail Londain	Londain	1
	Cuairt Staidéir go dtí an Bhruiséil	An Bhruiséil	14
Deireadh Fómhair	Clár Ceannaireachta 2014 - 2020	An Bhulgáir	2
	Seoladh Leabhair in Aonad Ealaíon Sirius	Nua-Eabhrach	1
	Cruinniú SICAP le POBAL maidir le: hlniúchadh SECAD	Corcaigh	1
	Energy Cities	An Bhruiséil	1
Samhain	Ceardlann ar Reilig Stairiúil a Bhainistiú	Corcaigh	1
	Comhdháil Éireann Ildánaí	Corcaigh	1
	Comhaontú Naisc le Jiangsu	An tSín	2
	Gradam Cumann na hÉireann	Baile Átha Cliath	3
	Gradaim Taistil Eorpacha	An Rúis	1
	Cruinniú Boird Chomhar na nOileán	Gaillimh	1
	Ócáid Bhliantúil ar an bPleanáil	Uíbh Fhailí	2
Nollaig	Ionad Pobail Réigiúnaigh	Luimneach	2
	Gradaim Shábháilteacht ar Bhóithre	Baile Átha Cliath	1
	Cruinniú Boird Chomhar na nOileán	Gaillimh	1
	Dámhachtainí Pride of Place	Leitir Ceanainn	2
	Dinnéar Chomhlachas Chorcaí	Londain	1



Comhairle Contae Chorcaí
An Plean Bliantúil um Sholáthar Seirbhísí 2017
Athbhreithniú ar na torthaí



Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh
Achoimre Feidhmíochta um Sholáthar Seirbhísí
Feidhmíocht Chuspóirí ASDP Aonair
Cairt Táscairí Feidhmíochta
Comhaltáí SMT 2017

Clár Ábhar

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh	46
Achoimre Feidhmíochta um Sholáthar Seirbhísí	47
Feidhmíocht Chuspóirí ASDP Aonair	50
Cairt Eagraíochta CC	69
Cairt Ghinearálta Táscaire Feidhmíochta	70

Réamhrá

A Chomhalta

Fáilte chuig an Athbhreithniú Bliantúil ar Thorthaí an Phlean um Sholáthar Seirbhísí 2017.

Is é is aidhm le Plean Bliantúil um Sholáthar Seirbhísí (ASDP) cuspóirí maidir le soláthar seirbhísí agus caighdeán fheidhmíochta bainteacha a leagan amach. Bhailigh an ASDP a chuid eolais go príomha ó na hábhair seo a leanas:

- A buiséad a glacadh leis in 2016
- Ceanglais Reachta an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 agus reachtaíocht/rialacháin ábhartha eile
- Pleananna/straitéisí Chomhairle Contae Chorcaí lena n-áirítear Plean Corparáideach 2015-2019
- Beartas an Rialtais Náisiúnta
- Comhaontuithe Seirbhíse atá ann cheana
- Acmhainní foirne agus airgeadais atá ar fáil

Scrúdaíonn an doiciméad Athbhreithnithe Torthaí seo rath Chomhairle Contae Chorcaí na cuspóirí seo a bhaint amach. Is féidir glacadh leis mar sin go raibh feidhmíocht láidir ag Comhairle Contae Chorcaí i gcomhthéacs athraitheach san earnáil, gur dhéileáil sí le héilimh nach rabhthas ag súil leo agus go ndeachaigh sí i dtaithe go tapa ar riachtanais athraitheacha ár saoránaigh.

Ach go háirithe

- Tugadh aghaidh ar 165 chuspóir in 2017. Bhí ardú mór air seo ó 111 in ASDP sa bhliain 2016
- Baineadh 131 cuspóir (79%) amach, bhí laghdú beag ar an gcéatadán sin ó 82% in ASDP sa bhliain 2016
- Rinneadh 31 cuspóir (19%) a bhaint amach go pointe áirithe agus táthar fós ag obair orthu. Bhí laghdú beag ar an gcéatadán sin ó 14.5% in ASDP sa bhliain 2016
- Níor éirigh linn 3 chuspóir a chur i gcrích (2%). Feabhsaíodh an líon sin nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an 3.5% de chuspóirí ASDP nár cuireadh i gcrích sa bhliain 2016

Tá tuilleadh eolais faoi na torthaí seo le fáil sa mhír Achoimre Feidhmíochta um Sholáthar Seirbhísí.


Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann agus leis na Comhaltaí Tofa as obair le chéile chun ár gcuspóirí coitinne a bhaint amach agus táim cinnte go mbeidh feidhmíocht láidir againn arís in 2018.

An tUasal Tim Lucey


Príomhfheidhmeannach – Comhairle Contae Chorcaí

Achoimre Feidhmíochta um Sholáthar Seirbhísí

Shainaithin ASDP 2017 165 chuspóir ar leith trasna 12 Stiúirthóireacht/Fheidhmíocht agus léiríonn an chart seo a leanas an caighdeán críochnaithe reatha



Léirítear sa chart seo a leanas na príomhchúiseanna nár éirigh linn na Cuspóirí a Chur i gCrích nó a Baineadh Amach go Pointe Áirithe



Léiríonn na treochtaí do chuspóirí “Bainte Amach go Pointe Áirithe” na nithe seo a leanas

- Táthar ag obair ar gach cuspóir agus táthar ag súil leis go mbainfear amach na bunchuspóirí.
- Is iad sáraithe ama an fhadhb choiteann do na cuspóirí seo ar fad
- Díobh seo
 - Táthar ag fanacht le cinneadh deiridh ó Chomhairle Contae Chorcaí maidir le 2 cheann (Míreanna 33, 142)
 - Táthar ag fanacht le cinneadh deiridh nó cuireadh moill leo mar gheall ar chúiseanna seachtracha maidir le 12 cheann (Míreanna 13, 18, 24, 45, 46, 57, 60, 82, 113, 148, 158, 165)
 - Níor éiríodh sprioc amháin a bhaint go hiomlán amach mar gheall ar bhuiséid easnamhacha (maoiniú seachtrach) (Mír 141)
 - Níor baineadh 3 chuspóir amach mar gheall ar amlínthe a bhí ró-ghairid (Míreanna 47, 75, 118)

- Cuireadh moill le 5 chuspóir toisc nach raibh dóthain ball foirne ar fáil (Míreanna 26, 38, 97, 147, 163)
- Cuireadh moill le 7 gculpóir toisc go raibh ní ba chasta ná mar a síleadh i dtosach (Míreanna 22, 99, 121, 123, 131, 133, 143)
- Cuireadh moill le tionscadal amháin toisc go raibh sé riachtanach tosaíocht a thabhairt do rud éigin eile nó teastaíodh athdhearadh

Níor baineadh 3 chuspóir amach mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas: Easpa Ball Foirne (Mír 29), Spleáchas ar Chomhlacht Seachtrach (Mír 74) agus Tosaíocht a thabhairt do rud éigin eile/Athdhearadh (Mír 101).

Mar chríoch, bhain ASDP 2017 amach an chuid is mó dá chuspóirí agus críochnóidh ASDP na tionscadail nár cuireadh i gcrích sa bhliain 2018 nuair is cuí.

Feidhmíocht Chuspóirí ASDP Aonair

Mír	Stiúrthóireacht	Cuspóir ASDP	Caighdeán Feidhmíochta	Críochnaitheacht Caighdeáin Feidhmíochta	Nótaí	Táscaire Feidhmíochta	Rangú 2016	Rangú 2015
1	Seirbhísí Corparáideacha	Tacaíocht a thabhairt le feidhmiú éifeachtach Choiste Iniúchóireachta de chuid Chomhairle Contae Chorcaí	Céadú a fháil ón gComhairle ar an Tuarascáil Iniúchóireachta Bliantúla & an Clár Oibre	Bainte Amach				
2	Seirbhísí Corparáideacha	Plean Gníomhaíochta Cumarsáide a fhorbairt ag cur san áireamh Straitéis Cumarsáide Corparáidí a ceadaíodh le déanaí.	An Plean Gníomhaíochta Cumarsáide a chur i bhfeidhm. Méadú ar úsáid mheáin shóisialta. Bainistíocht faisnéise i gComhairle Contae Chorcaí a athbhreithniú. Cleacht brandála/margaíochta a rinneadh.	Bainte Amach	Méadaíodh líon na leanúnaithe ar na meáin shóisialta go dtí 26,627 ó 17,192 sa bhliain 2016. Méadaíodh líon na gcuartheanna ar an suíomh gréasáin go dtí 2.5m ó 1.3m sa bhliain 2016	C3 (B) Líon iomlán # na Leanúnaithe ag deireadh an bhliain 201X de réir chuntais mheáin shóisialta an Údaráis Áitiúil.	0	16
3	Seirbhísí Corparáideacha	Plean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm do 2017 ina dtacaítear le cur i bhfeidhm Straitéis na Comhairle maidir le Cumarsáid agus Margaíocht. Cuirfear béim ar leith ar phreasráitis a chumadh ar scéalta nuachta dearfacha, ag cur ról Mheara Chontae Chorcaí chun cinn agus feasacht an phobail a ardú maidir le ról agus sainchúraim na gCeantar Bardasach.	Líon na bpreasráiteas iarrtha/a eisíodh a thairfead. Córais chumarsáide inmheánacha a fhorbairt agus a fheabhsú. Cinntigh go gcuirtear tacaíocht agus láithreach an mheara chun cinn ag imeachtaí eagraithe.	Bainte Amach	Eisíodh 200 Preaseisiúint. Inlíon nua á fhorbairt. D'éirigh leis an Meara ardú céime a fháil.	C3 (B) Líon iomlán # na Leanúnaithe ag deireadh an bhliain 201X de réir chuntais mheáin shóisialta an Údaráis Áitiúil.	0	16
4	Seirbhísí Corparáideacha	Athbhreithniú a dhéanamh ar na conarthaí corparáideacha atá ann cheana agus eagraigh chun tairiscint nua a chur isteach dóibh ag tosú leis an gceann is tábhachtaí.	Athbhreithniú a dhéanamh ar na conarthaí corparáideacha uile. Tairiscint a chur isteach ar gach conartha a chuaigh in éag. Tairiscint a chur isteach ar chonarthaí nua.	Bainte Amach				
5	Seirbhísí Corparáideacha	An Plean ar Mhonatóireacht Chorporáideach a chur i bhfeidhm. Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean Bliantúil um Sholáthar Seirbhísí de chuid Chomhairle Contae Chorcaí.	Tuarascáil Athbhreithnithe ar Phlean um Sholáthar Seirbhísí a chur ar fáil don Chomhairle agus a fhaomhadh faoin dara ráithe den bhliain 2017	Bainte Amach				
6	Seirbhísí Corparáideacha	Polasaí agus nósanna imeachta a bhaineann le Seirbhísí do Chustaiméirí a athbhreithniú	Polasaí agus nósanna imeachta a bhaineann le Seirbhísí do Chustaiméirí a uasdátú agus a scaipeadh san eagraíocht	Bainte Amach	Táthar ag fanacht ar chomhaontú ar an dréachtpholasaí seo agus síniú a chur leis.	C1 (A) Líon iomlán na WTEanna ag 31/12/201X	2	2
7	Seirbhísí Corparáideacha	Suíomh Gréasáin nua a fhorbairt chun modh teagmhála atá nua-aoiseach agus éasca le húsáid a chur ar fáil do shaoránaigh chun teagmháil a dhéanamh le Comhairle Contae Chorcaí.	An Suíomh Gréasáin nua a fhorbairt agus a chaomhnú faoin dara ráithe den bhliain 2017	Bainte Amach		C3 (A) Líon na gcuartheanna ar leathanach láithreáin ghréasáin an Údaráis Áitiúil in 201X	7	17

Mír	Stiúrtóireacht	Cuspóir ASDP	Caighdeán Feidhmíochta	Críochnaitheacht Caighdeán Feidhmíochta	Nótaí	Táscaire Feidhmíochta	Rangú 2016	Rangú 2015
8	Seirbhísí Corparáideacha	Ról daonlathach chomhaltaí tofa na Comhairle a fhorbairt i gcónaí	Cur le próifíl Mheara an Chontae agus Chathaoirligh an Cheantair Bhardasaigh le bainistíocht imeachta níos fearr agus níos mó poiblíochta sna meáin ar imeachtaí áitiúla agus an chontae.	Bainte Amach				
9	Seirbhísí Corparáideacha	Cinntigh go bhfuil Clár na dTogthóirí do Chontae Chorcaí suas chun dáta agus gan bhotúin le go mbeidh gach toghthóir atá i dteideal vótáil in ann a gceart daonlathach a fheidmiú.	Clár na dTogthóirí a athbhreithniú, a uasdátú agus a chaomhnú ag an gcaighdeán is airde agus is féidir trí na córais/nósanna imeachta ar thaifeadadh a athbhreithniú agus a uasdátú agus le níos mó teagmháil le toghthóirí féideartha.	Bainte Amach				
10	Seirbhísí Corparáideacha	Réimse seirbhísí do chustaiméirí a fhorbairt chun teagmháil idir saoránaigh agus an Chomhairle a éascú	Seoladh Tairseach Féinseirbhíse, forbraíodh agus cuireadh le réimse seirbhísí ar líne, forbraíodh Tairseach Féinseirbhíse Inmheánaí do Bhaill Foirne agus do Bhaill.	Bainte Amach				
11	Aturnaetha an Chontae	Éifeachtaí tíolactha a uasmhéadú	1. Úsáid éifeachtach ar an sreabhadh oibre a bhaineann le sealbhuithe/diúscairt tíolactha chun an éifeacht is mó a bhaint amach as sealbhú réadmhaoine. 2. Leanúint leis an bpróiseas atá ann cáipéisí teidil a bhaineann le sealbhú a stóráil ar an láthair.	Bainte Amach				

Mír	Stiúrthóireacht	Cuspóir ASDP	Caighdeán Feidhmíochta	Críochnaitheacht Caighdeán Feidhmíochta	Nótaí	Táscaire Feidhmíochta	Rangú 2016	Rangú 2015
12	Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht	Acmhainneacht ghrúpaí an phobail/saorálacha a uasmhéadú ag tacú le feidhmeanna an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)	<ol style="list-style-type: none"> 1. Próifíl an Líonra Rannpháirtíochta Pobail a chur chun cinn trí ghrúpaí nasctha 2. Tacaigh le clár oibre don Líonra Rannpháirtíochta Pobail sa bhliain 2017 3. Tacaigh le clár oibre cuí do Chuimsiú Sóisialta de chuid an Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) 	Bainte Amach	<ol style="list-style-type: none"> 1. Cruinnithe iomlánacha a reáchtáladh trasna 3 Rannóg. 2. Gníomhaíochtaí fógraíochta an Líonra Rannpháirtíochta Pobail ag Seó Samhraidh Chorcaí, na Gradaim do Chomórtais Gairdíní Scoile, an ócáid de chuid Fhondúireacht Chorcaí, Gradaim do Dhúshlán i gCoinne an Bhruscair de chuid Chomhairle Chontae Chorcaí, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, ócáid Bí Rannpháirteach Mhainistir na Corann, ócáidí Chomhairle Daoine Aosta, Comhdháil Náisiúnta an PPN. 3. Cruthaíodh 3 nuachtlitir go himmheánach agus scaipeadh iad chuig baill an PPN. 4. Chuir Rúnaíocht an PPN aighneacht faoi bhráid an tSainghrúpa Comhairligh Chorcaí i mí Feabhra 2017. 5. Chabhraigh an PPN leis an tionscadal don European Label of Good Governance (ELOGE). D'fhreastail baill foirne na Rúnaíochta ar ócáidí réigiúnacha líonra agus oiliúna de chuid Social Justice Ireland. 6. Seoladh 100anna tráchtairachtaí chuig baill PPN maidir le deiseanna maoinithe, imeachtaí oiliúna agus comhairliúcháin phoiblí. 7. Scaipeadh na cinntí a rinneadh le linn na gcruinnithe den Choiste um Beartais Straitéiseacha le baill an PPN. 			
13	Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht	Seachadadh na ngníomhaíochtaí faofa faoin bPlean Gníomhaíochta an Rialtais um Poist sa Thiar Theas a eagrú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear íomhá an tionscnaimh a fheabhsú ach díriú ar na tosaíochtaí straitéiseacha aontaithe.	<ol style="list-style-type: none"> 1. Tuairisceáin leathbhliantúla chuig an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a eagrú go tráthúil 2. Straitéis ar chaidreamh seachtracha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm 3. Grúpaí oibre earnála a bhunú agus tacú leo chun tosaíochtaí straitéiseacha an réigiúin a chur i gcrích chun an t-uasmhéid maoinithe a chinntiú. 	Bainte Amach go Pointe Áirithe/I mbun	<ol style="list-style-type: none"> 1. Ardaíodh fostaíocht sa Thiar Theas le 26,900 idir an Chéad Ráithe den bhliain 2015 agus an Dara Ráithe den bhliain 2017 (Sonraí ón tSuirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh de chuid an POS). Tá sé mar aidhm ag an bPlean Gníomhaíochtaí Poist a Chruthú Post sa Thiar Theas go gcruthófar 40,000 post nua le linn na tréimhse seo. 2. Tuairisceáin leathbhliantúla ón Thiar Theas a chur isteach chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta go tráthúil - chuir córas na Roinne Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta moill le foilsíú an tuarascála ar dhul chun cinn. Cuireadh moill le tuairisciú mar gheall ar uirlis 			

Athbhreithniú ar Thorthaí an Phlean Bhliantúil um Sholáthar Seirbhísí | 2017

Mír	Stiúrthóireacht	Cuspóir ASDP	Caighdeán Feidhmíochta	Críochnaitheacht Caighdeáin Feidhmíochta	Nótaí	Táscaire Feidhmíochta	Rangú 2016	Rangú 2015
					monatóireachta ar líne de chuid na Roinne Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta. 3. Bíonn páirtithe leasmhara den Phlean Gníomhaíochtaí Poist a Chruthú Post sa Thiar Theas gníomhach ar ar bhonn de réir tionscadal maidir le tionscadail fhiontraíochta réigiúnacha seachas le grúpaí oibre earnálacha ar leith a bhunú. Cuireadh 14 thionscadal isteach ar Glao 1 de REDF agus €16 milliún á lorg mar chúnamh deontais don réigiún Thiar Theas - táthar ag fanacht ar fhógra oifigiúil ar na hiarratais seo.			
14	Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht	Oibriú go dlúth le páirtithe straitéiseacha chun coincheap de Thurasóireacht dírithe ar bhia a chur chun cinn agus a fhorbairt agus tacaigh leis an mbonneagar atá i gCorcaigh trí bhranda 'Taste Cork' (Blaiseadh de Chorcaigh) a chur chun cinn agus a fhorbairt	Cabhrú chun na príomhaschuir de Straitéis 3 bliana do 'Taste Cork' a sheachadadh - taighde ar chumas mhargaí bia Eorpacha nua i gcomhthéacs an gheilleagar i ndiaidh na Breatimeachta.	Bainte Amach	1. Osclaíodh Incubator Food Kitchens i mí Dheireadh Fómhair 2016. Tháinig méadú 100% ar líon na n-áirithintí idir 2016 agus 2017. 2. Seoladh suíomh gréasáin do Taste Cork i mí Feabhra 2018. 3. D'fhreastail 6 táirgeoirí bia ar mhargaíocht Taste Cork in Birmingham (mí Aibreáin 2018). 4. Toscaireachtaí ó Quincy agus ó Portland in Maine agus iad ag glacadh páirt in Taste West Cork Food Festival. 5. Rinne toscaireacht ó Chomhairle Contae Chorcaí/Cónaidhm na nóstán Éireannach agus Taste West Cork Food Festival táirge de chuid Thurasóireacht Chontae Chorcaí a mhargadh I mBostún/Providence i mí Eanáir 2018.			
15	Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht	Leanúint leis an bhforbairt ar an táirge turasóireachta atá ann in Camden Fort Meagher trí Camden DAC a bhunú agus trí chlár oibre ar bhonneagar a fhorbairt.	1. Bainisteoir Ghinearálta a fhostú don Tionscadal 2. Comhairleoir a cheapadh leis an gcéad dréacht don Mháistirphlean d'fhorbairt táirge turasóireachta ar an láthair iomláin a dhréachtú.	Bainte Amach	1. Cuireadh fostú an Bhainisteora Ginearálta siar go dtí go gcuirfear an Máistirphlean do Camden Fort Meagher i bhfeidhm 2. Ceapadh Comhairleoir agus tá na hullmhúcháin don Mháistirphlean ar siúl.			
16	Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht	Polasaithe cuí na Comhairle a chur i bhfeidhm, teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara nua agus iad atá ann cheana agus deiseanna oiriúnacha a úsáid chun forbairt gheilleagrach an chontae a éascú ionas go mbeidh Corcaigh níos deise mar áit ina gcónaítear, a n-oibrítear agus ar a dtugtar cuairt.	1. Líon na dtionscadal agus na dtionscnamh a fuair tacaíocht ón gCiste Eorpach Forbraíochta (CEF), lena n-áirítear líon na dtionscnamh cómhaoinithe nó a bhaineann le	Bainte Amach	1. Líon na dtionscadal agus na dtionscnamh a fuair tacaíocht ón gCiste Eorpach Forbraíochta (CEF). 35 2. Líon na dtionscnamh cómhaoinithe a bronnadh nó a nglacann Comhairle Contae Chorcaí páirt iontu rannpháirtí. 5			

Athbhreithniú ar Thorthaí an Phlean Bhliantúil um Sholáthar Seirbhísí | 2017

Mír	Stiúthóireacht	Cuspóir ASDP	Caighdeán Feidhmíochta	Críochnaitheacht Caighdeán Feidhmíochta	Nótaí	Táscaire Feidhmíochta	Rangú 2016	Rangú 2015
			Is rannpháirtí gníomhach í Comhairle Contae Chorcaí.					
17	Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht	Bonneagar gnó Chomhairle Contae Chorcaí (páirceanna fiontracha, r-ionaid, ionaid bhia, cistineacha goradáin agus banc talaimh) a chur chun cinn, a bhainistiú agus a fhorbairt, chun an uasmhéid a bhaint as an deis atá ar fáil do chomhlachtaí atá lonnaithe i gCorcaigh a n-acmhainneacht chun níos mó post a fhorbairt agus poist atá ann a shíneadh.	1. An t-uasmhéid áitiúchá a chinntiú in aonaid thionsclaíochta, ionaid bhia agus i gcistineacha goradáin 2. Cinntigh go bhfuil bonneagar i gcomhréir go hiomlán le caighdeán rialála/náisiúnta trí chlár cothabhála bliantúla a fhorbairt	Bainte Amach				
18	Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht	Cuir an Beacon Initiative chun cinn agus déan níos mó forbartha air in éineacht le páirtithe straitéiseacha in earnáil an mhiondíola/an ghnó.	1. Leanúint ag cur an Beacon Initiative i bhfeidhm i mBailte an Chontae 2. Clár Luasaire de chuid Beacon atá níos fearr agus níos dírithe a fhorbairt	Bainte Amach go Pointe Áirithe/I mbun	Cuireadh stad leis an gclár toisc go bhfuil athbhreithniú i mbun. Forbraíodh Clár Luasaire de chuid Beacon atá níos fearr agus níos dírithe			
19	Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht	Fiontraíocht a chur chun cinn, gnólachtaí nuathionscanta a chothú agus mion-ghnólachtaí agus gnólachtaí beaga atá ann cheana féin a fhorbairt chun poist nua a chruthú, chun tacaíochta ardchaighdeán a chur ar fáil do smaointe gnó	Na príomhtháscairí feidhmíochta de réir mar a leagtar amach in Aguisín 1 de Phlean Forbartha um Fiontraíocht Áitiúil de chuid na hoifige Fiontair Áitiúla an Tuaiscirt agus an Iarthair 2017-2020 i.e. Déan 1 - fostaíocht i ngnólachtaí ar cliant iad de chuid na hoifige Fiontair Áitiúla 1300 a thomhas Lón na bPost a cruthaíodh 350 Lón na nDeontas a ceadaíodh 32	Bainte Amach	Níl líon na bhfostaithe ar fáil go fóill ach rinneadh suirbhé agus táthar ag eagrú na dtorthaí. Caitheadh níos mó ná an méid a ceadaíodh do na Deontais Cheadaithe ón KPI.	J1 Líon na bpostanna a cruthaíodh le cúnamh ó LEO i rith 201X	2	6
20	Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireacht	Seachadadh táirge turasóireachta a éascú de réir mar a leagtar amach i straitéisí náisiúnta/réigiúnacha/áitiúla mar seo a leanas: Daoine, Áit agus Beartas - Ag Forbairt Na Turasóireachta go dtí 2025 Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe - Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe Plean Gníomhaíochta an Rialtais um Poist sa Thiar Theas agus Turasóireacht i gCorcaigh ag Fás - Straitéis Chomhchoiteann i gCorcaigh Ráiteas Straitéise na Comhairle Contae ar Thurasóireacht 2017 - 2022	1. Caidrimh ar leith a fhorbairt le páirtithe straitéiseacha chun an leas is mó a bhaint as cumas Chorcaí mar áit a "gcaithfear feiceáil" go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta taobh istigh den achar ama a leagtar amach i mbrandaí náisiúnta turasóireachta de chuid Fáilte Éireann (WAW/IAE). 2.	Bainte Amach				

Athbhreithniú ar Thorthaí an Phlean Bhliantúil um Sholáthar Seirbhísí | 2017

Mír	Stiúrthóireacht	Cuspóir ASDP	Caighdeán Feidhmíochta	Críochnaitheacht Caighdeán Feidhmíochta	Nótaí	Táscaire Feidhmíochta	Rangú 2016	Rangú 2015
21	Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála	Na spriocanna a leagtar amach i bPlean Iniúchta Bliantúla 2017 (RMCEI) a bhaint amach	Baineadh na spriocanna an phlean iniúchta a liostáiltear iad sa chuid ar an bhfoireann bainte amach go hiomlán.	Bainte Amach	An chuid de Chlár RMCEI ar Chaighdeán Uisce & Thalmhaíocht: Baineadh spriocanna an chláir iniúchta a bhaineann le soláthairtí príobháideacha uisce óil, uiscí snámha, sampláil Oibríochta & Fhaireachais an WFD ar aibhneacha agus ar locha, Iniúchtaí ar Fheirmeacha curtha i gcrích de réir mar a sceidealaíodh iad, Measúnú ar Iarratais Phleanála d'acmhainní talmhaíochta, éiríodh le Líon na nIniúchtaí ar chórais chóireála dramhuisce baile faoin gClár Iniúchta Náisiúnta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil a chur i gcrích. Baineadh na spriocanna a bhaineann le hiniúchtaí ar Dhramhail/Dramhuisce agus an Aer amach.	W1 % Uisce óil i scéimeanna príobháideacha i gcomhréir le ceanglais reachtúla	27	25
22	Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála	Comhlíonadh le Rialacháin Foirgníochta a chur chun cinn trí iniúchtaí dírithe agus sprioc de 12% go dtí 15% d'fhoirgnimh nua sa chontae a iniúchadh	Rinneadh iniúchadh ar 12-15% de na foirgnimh nua.	Bainte Amach go Pointe Áirithe/I mbun	Bhí tionchar ag na riachtanais bhreise a bhaineann le hiniúchadh a athdhéanamh agus níor cuireadh tús ach le hiniúchadh ar 6% d'fhoirgnimh nua in 2017.	P1 Foirgnimh Nua Iniúchta mar % de na foirgnimh Nua a fógraíodh don Údarás Áitiúil	30	18
23	Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála	Tacú leis na seirbhísí a oibríonn sa líne thosaigh daoine atá ar iarraidh a chuardach ar an talamh agus san uisce, ag cabhrú le linn tuilte agus géarchéimeanna aimsire agus seirbhísí otharchairr, garchabhrach, agus leasa a chur ar fáil	Tabhair freagra de réir mar is gá	Bainte Amach				
24	Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála	Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide a fhorbairt i gcomhréir leis na dualgais reachtúla agus an cháipéis treorach náisiúnta	Na spriocanna agus na hamlínte náisiúnta a leagtar amach sa chuid ar fhoireann a baineadh amach	Bainte Amach go Pointe Áirithe/I mbun	Cuireadh an dréacht i gcrích ach tá an plean deiridh ag brath ar fhoilseachán straitéise náisiúnta nár foilsíodh nuair a bhítear ag súil leis in 2017.			
25	Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála	Na fógraí tosach feidhme, na fógraí 7 lá agus na Deimhnithe um Chomhlíonadh a phróiseáil de réir na Rialacháin um Rialú Foirgníochta chomh luath agus a chuirtear i gcrích iad.	Cuireadh 100% i gcrích taobh istigh de na spriocdhátaí reachtúla.	Bainte Amach				
26	Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála	Straitéis Feasachta Comhshaoil 2016-2021 a chur i bhfeidhm	Na spriocanna agus na hamlínte náisiúnta a leagtar amach sa cháipéis straitéiseach a baineadh amach	Bainte Amach go Pointe Áirithe/I mbun	Bhí tionchar ag scor an Oifigigh Fheasachta an SESC ar fhorbairt an chláir fheasachta. Mar sin féin, éiríodh gnéithe straitéise criticiúla a bhaint amach.			
27	Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála	Leanúint ar fheidhmiú chlár chun iniúchadh a dhéanamh ar thithe altranais agus ar ionaid chúraim chónaithe eile	Cuireadh 100% den phlean seo i gcrích	Bainte Amach		F1 Costas na Seirbhíse Dóiteáin in aghaidh an duine	14	16
28	Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála	Déan an Plean Móréigeandála Comhairle Contae Chorcaí a athbhreithniú, a uasghrádú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta ar Bhainistíocht Móréigeandála	Na riachtanais a bhaineann leis an gCreat Náisiúnta a bhaint amach	Bainte Amach				

Athbhreithniú ar Thorthaí an Phlean Bhliantúil um Sholáthar Seirbhísí | 2017

Mír	Stiúrtóireacht	Cuspóir ASDP	Caighdeán Feidhmíochta	Críchnaitheacht Caighdeán Feidhmíochta	Nótaí	Táscaire Feidhmíochta	Rangú 2016	Rangú 2015
29	Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála	Polasaí ar Bhainistíocht Gearán i leith Torainn Chorparáideach ar ar aontaigh an Coiste um Beartais Straitéiseacha	Deireadh an Dara Ráithe den bhliain 2017	Níor Baineadh Amach/Curtha ar Ceal	Easpa Ball Foirne			
30	Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála	Na spriocanna a leagtar amach i bPlean Iniúchta Bliantúla 2017 (RMCEI) a bhaint amach	Baineadh na spriocanna an phlean iniúchta a liostáiltear iad sa chuid ar an bhfoireann bainte amach go hiomlán.	Bainte Amach		W1 % Uisce óil i scéimeanna príobháideacha i gcomhréir le ceanglais reachtúla	27	25
31	Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála	Comhaontú Seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a chur i bhfeidhm.	Baineadh spriocanna Údaráis Shábháilteachta Bia na hÉireann a liostáiltear iad sa chuid ar an bhfoireann amach go hiomlán.	Bainte Amach				
32	Comhshaol/Athrú Aeráide/Leathanbhanda/Seirbhísí Éigeandála	Amlínte Reachtúla d'iarraitais cheadúnais a chomhlíonadh	Líon na n-Iarratas Ceadúnais a próiseáladh taobh istigh d'amlínte reachtúla mar % de líon iomlán na n-iarratas a fuarthas	Bainte Amach				
33	Airgeadas	An méid is mó agus is féidir a fháil ar ais ó Fhéichiúnaithe/Éilimh Dheontais	Tuairisciú ar Fhéichiúnaithe agus ar phrótacail athbhreithnithe na Stiúrtóireachta a fheabhsú	Bainte Amach go Pointe Áirithe/I mbun	Tá athbhreithniú i mbun leis na Stiúrtóireachtaí ar phrótacail agus riachtanais thuairiscithe. Rinneadh athbhreithniú ar fheidhmiú na gcóras le cinntiú an bhfreastalaíonn siad ar na riachtanais atá ann agus táthar ag breathnú ar roghanna eile	M1 Iarmhéid Chuntas Ioncaim	2	2
34	Airgeadas	Ráitis Airgeadais Bhliantúla a Ullmhú & a Fhoilsiú	Faoin Dara Ráithe den bhliain 2017	Bainte Amach				
35	Airgeadas	An Buiséad Reachtúil Bliantúil a ullmhú agus a bhainistiú le haghaidh 2018	De réir mar is gá maidir leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	Bainte Amach				
36	Airgeadas	Clár Caipitil 3 Bliana a Ullmhú agus a Bhainistiú	Faoin gCéad Ráithe den bhliain 2017	Bainte Amach				
37	Airgeadas	Na Leibhéil Bhailiúcháin a Mhéadú a oiread agus is féidir	Feidhmíocht 2016 a shárú	Bainte Amach	Feidhmíocht mar atá ar an 1 Nollaig 2017 agus í níos fearr ná mar a bhí ar an 1 Nollaig 2016	M2 (a) Rátaí Bhailiúcháin- Rátaí Tráchtála	6	5
38	Airgeadas	Na Leibhéil Bhailiúcháin a Mhéadú a oiread agus is féidir & leanúint ag laghdú na riaráistí	Bainistíocht éifeachtach ar riaráistí a chur i bhfeidhm chun riaráistí ó cíos ar son tithíochta ar an 31.12.17	Bainte Amach go Pointe Áirithe/I mbun	Go leor athruithe maidir leis an bhfoireann san Aonad. Moill ar chur i bhfeidhm na n-athruithe náisiúnta ar dhírú bhainistíochta iasachtaí.	M1 Iarmhéid Chuntas Ioncaim	2	2
39	Airgeadas	Bainistíocht ar éilimh árachais i mbealach éifeachtúil ó thaobh costais agus atá tráthúil	Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas Bainistíochta Éileamh chun na héilimh a chur i gcrích i mbealach atá níos tapa.	Bainte Amach				
40	Airgeadas	An conartha méadraithe mar ghníomhairí le hUisce Éireann a bhainistiú	Cuireadh na fadhbanna maidir le hobair chonartha a chur i gcrích go tráthúil.	Bainte Amach				
41	Airgeadas	Seirbhís éifeachtúil Cuntair agus Poist do Mhótarcháin a chur ar fáil	Idirbhearta a bhaineann le mótarcháin a phróiseáil i gcomhréir leis an reachtaíocht agus le himlitreacha go tráthúil.	Bainte Amach		Déantar R3% d'idirbhearta a bhaineann le mótarcháin ar líne	2	1

Athbhreithniú ar Thorthaí an Phlean Bhliantúil um Sholáthar Seirbhísí | 2017

Mír	Stiúrthóireacht	Cuspóir ASDP	Caighdeán Feidhmíochta	Críochnaitheacht Caighdeán Feidhmíochta	Nótaí	Táscaire Feidhmíochta	Rangú 2016	Rangú 2015
42	Airgeadas	Bainistíocht rathúil a dhéanamh ar aistriú cúrsaí billeála uisce chuig Uisce Éireann	Cuireadh an t-aistriú i gcrích	Bainte Amach				
43	Airgeadas	Níos mó acmhainní a chur ar fáil don Rannóg Soláthair agus a athchóiriú	Foireann a shannadh, clár gnó an tsoláthair a chur chun cinn trasna na heagraíochta	Bainte Amach	Foireann earcaithe. Bhí tairseach soláthair nua agus polasaí soláthair nua i measc an dul chun cinn a rinneadh.			
44	Airgeadas	An Bonn Luacha Inráitithe Iarbhara a mhéadú a oiread agus is féidir	Feidhmíocht 2016 a shárú	Bainte Amach	Is dócha go mbeidh an Luacháil Inráitithe beagán níos lú ná an bhliain seo caite mar gheall ar leibhéal laghdaithe níos airde ar 'Appeal'	M2 (a) Rátaí Bhailiúcháin- Rátaí Tráchtála	6	5
45	Tithíocht	Dul chun cinn a dhéanamh ar sheachadadh Chlár Chaipiteal Tithíochta 2017	An Chéim Phleanála - 304 Aonad Céim an Tairisceana - 56 Aonad An Chéim Thógála - 117 Aonad Críochnaithe - 121 Aonad	Bainte Amach go Pointe Áirithe/I mbun	An Chéim Phleanála - 124 Aonad Céim an Tairisceana - 58 An Chéim Thógála - 42 Críochnaithe - 111 Bhí tionchar ag roinnt fadhbanna ar chumas na Roinne Tithíochta na spriocanna seo a bhaint amach: Tharraing beirt fhorbróirí siar as an scéim eochróra (Cailleadh 91 aonad) Tháinig fadhbanna chun cinn le linn an phróisis pleanála Bhí athruithe de dhíth sa togra mar gheall ar cheadú coinníollach ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DHPCLG). Bhí na buiséid ceadaithe ní ba lú ná an buiséad a cuireadh isteach air. Bhí tionchar ag athruithe deartha nach rabhthas ag súil leo nó athdhearadh iomlán a bhí de dhíth ag an gcéim a fhaightear ceadú ón roinn. Níor thosaigh an fhoireann ar a bpoist nuair a bhíodhas ag súil le go dtosóidh siad.	H1 (b1). Líon na nÁiteanna Cónaithe a thóg an tÚdarás Áitiúil le linn na tréimhse	13	13
46	Tithíocht	Sealbhuíte Tithíochta Sóisialta	Sealbhuíte a cuireadh i gcrích - 118 Eochracha a fuarthas -100 Áiteanna cónaithe ar cíos - 60	Bainte Amach go Pointe Áirithe/I mbun	84 réadmhaoín sealbhaithe in 2017 agus 12 eile atá faoi chomhaontú. Tá Comhairle Contae Chorcaí i mbun idirbheartaíochta ar son 13 réadmhaoín eile.	H1 (b2) Líon na nÁiteanna Cónaithe a cheannaigh an tÚdarás Áitiúil in 201X	5	5
47	Tithíocht	Dul chun cinn ar sheachadadh Forbairtí faofa faoi ghlaonna na Scéime Cúnaimh Caipitil	An Chéim Phleanála - 12 Aonad Céim an Tairisceana - 15 An Chéim Thógála - 37 Críochnaithe - 1	Bainte Amach go Pointe Áirithe/I mbun	Tá roinnt scéimeanna fós ar siúl ag deireadh na bliana. Cuireadh 144 aonad i gcrích sa bhliain 2017	H1 (b1). Líon na nÁiteanna Cónaithe a thóg an tÚdarás Áitiúil le linn na tréimhse	13	13
